Ionstraim Reachtúil

I.R. Uimh. 604 de 2006

Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) 2006 agus Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) (Leasú) 2006

ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE,
SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2
Nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁDÁLA,
51 Faiche Stiabhna, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
(Teil: 01 647 6834; Facs: 01 647 6843)
Nó trí aon díoltóir leabhar.

I.R. Uimh. 604 de Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) 2006 agus I.R. 643 de Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) (Leasú) 2006

Na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile), 2006

Riar na nAlt

Cuid I

Rialachán
1 Lua
2 Tosach feidhme
3 Cúlghairm
4 Léirmhíniú

Cuid II

5 Sláinte, leas agus forbairt an linbh
6 Garchabhair
7 Cúnamh dochtúra
8 Bainistíocht agus soláthar foirne
9 Bainistíocht iompraíochta

Cuid III

10 Fógra le tabhairt ag duine atá ag beartú seirbhís réamhscoile a sheoladh
11 Fógra athraithe in imthosca
12 Líon na leanaí reamhscoile ar féidir freastal orthu

Cuid IV

13 Clár leanaí réamhscoile
14 Taifid
15 Faisnéis do thuismitheoirí
16 Bearta sábháilteachta i gcás dóiteáin
17 Cóip den Acht agus de na Rialacháin

Cuid V

18 Áitreabh agus áiseanna
19 Téamh
20 Aerú
21 Soilsiú
22 Cóiríocht sláintíochta
23 Draenáil agus diúscairt chamrais
24 Stóráil agus diúscairt dramhaíola
25 Trealamh agus ábhair

26 Bia agus deoch
27 Bearta sábháilteachta
28 Áiseanna suaimhnis agus súgartha

Cuid VI

29 Faisnéis a sholáthar d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
30 Árachas
31 Táillí bliantúla
32 Iniúchadh
33 Feidhmiú agus forghníomhú

I.R. Uimh. 604 de 2006

NA RIALACHÁIN UM CHÚRAM LEANAÍ (SEIRBHÍSI RÉAMHSCOILE) (Uimh. 2) 2006

Ag comhlíonadh an údaráis a bronnadh orm in Ailt 50 agus 68 den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Uimh. 17 de 1997), arna leasú ag an Ordú Sláinte (Athrú Ainm na Roinne agus Theideal an Aire) (I.R. Uimh. 308 de 1997) agus ag an Ordú um Shláinte agus Leanaí (Feidhmeanna Aire a Tharmligean), 2004 (I.R. Uimh. 842 de 2004) agus tar éis dom dul i gcomhairle leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, déanaimse, BRIAN Ó LUINEACHÁIN, Aire Stáit ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, na rialacháin seo a leanas:-

CUID 1

LUA

1. Is féidir na Rialacháin seo a lua mar na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) 2006.

TOSACH FEIDHME

2. (1). Tiocfaidh na Rialacháin seo (seachas Rialachán 3(2)) i bhfeidhm ar 3 Meán Fómhair 2007.

(2) Tiocfaidh Rialachán 3(2) i bhfeidhm ar 7 Nollaig 2007.

CÚLGHAIRM

3. (1) Cúlghairtear na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 1996 (I.R. Uimh. 398 de 1996) agus na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Leasú) 1997 (I.R. Uimh. 268 de 1997).

(2) Cúlghairtear na Rialacháin (Seirbhísí Réamhscoile) 2006 (I.R. Uimh. 505 de 2006).

LÉIRMHÍNIÚ

4. Sna Rialacháin seo –
ciallaíonn "an tAcht" an tAcht um Chúram Leanaí, 1991;
ciallaíonn “duine údaraithe” duine a bheidh ceaptha faoi Alt 54 den Acht chun bheith ina dhuine údaraithe chun críocha Cuid VII den Acht;

ciallaíonn “seirbhís cúraim leanaí” seirbhís réamhscoile ina dtiocfadh go mbeadh seirbhís thar oíche á tairiscint ag duine a thugann cúram go haonraic do leanaí réamhscoile, agus leanaí an chúramóra leanaí san áireamh, i dteaghais (teach cónaithe) an chúramóra ar feadh breis agus dhá uair a chloig sa lá, ach amháin nuair a bhaineann na díolúintí faoi Alt 58 den Acht um Chúram Leanaí 1991 le hábhar;

ciallaíonn “cúramóir leanaí” aon duine a sholáthraíonn seirbhís cúraim leanaí faoi mar a shainítear sna Rialacháin seo;

ciallaíonn “seirbhís cúraim lánlae” seirbhís réamhscoile a chuireann seirbhís de chúram struchtúrtha lae ar fáil do leanaí réamhscoile ar feadh breis agus 5 uair a chloig sa lá. Thiocfadh go mbeadh ann freisin seirbhís réamhscoile sheisiúnach do leanaí réamhscoile nach bhfuil ag freastal ar an tseirbhís cúraim lánlae;

ciallaíonn “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” Feidhmeannacht na Seirbhís Sláinte a bunaíodh faoi Alt 6 den Acht Sláinte 2004 (I.R. uimh. 42 de 2004);

ciallaíonn “seirbhís réamhscoile thar oíche” seirbhís ina dtugtar cúram do leanaí ar feadh breis is dhá uair a chloig san iomlán idir 7.00pm agus 6.00am seachas mar a mbaineann na díolúintí faoi Alt 58 den Acht um Chúram Leanaí 1991 le hábhar;

ciallaíonn “seirbhís cúraim pháirtlae” seirbhís réamhscoile a chuireann seirbhís de chúram struchtúrtha lae ar fáil do leanaí réamhscoile ar feadh breis agus 3.5 uair a chloig agus faoi 5 uair a chloig sa lá. Thiocfadh go mbeadh ann freisin seirbhís réamhscoile sheisiúnach do leanaí réamhscoile nach bhfuil ag freastal ar an tseirbhís cúraim pháirtlae;

ciallaíonn “áitreabh” áitreabh, foirgneamh nó cuid d’fhoirgneamh, agus aon fho-oifig, clós, gairdín nó talamh lasmuigh a mbaineann leis nó a mbaintear úsáid as nuair a bhítear ag seoladh seirbhís réamhscoile nó a bheartaítear seirbhís réamhscoile a sheoladh ann;

ciallaíonn “seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach" seirbhís réamhscoile a sholáthraíonn cúram lae ar bhonn a úsáidte ó am go ham amháin;

ciallaíonn “seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach sealadach” seirbhís réamhscoile a sholáthraíonn cúram lae ar bhonn sealadach amháin;

ciallaíonn “taifead” aon taifead a choinnítear nó a choimeádtar de bhun na Rialachán seo lena n-áirítear aon leabhar, cárta, foirm, téip, scannán, nóta nó aon taifead i bhfoirm bhuan lena n-áirítear taifead nach bhfuil i bhfoirm inléite ach ar féidir a atáirgeadh i bhfoirm inléite;

ciallaíonn “seirbhís réamhscoile sheisiúnach” seirbhís réamhscoile a chuireann clár pleanáilte ar fáil do leanaí réamhscoile ar feadh 3.5 uair a chloig ar a mhéad san iomlán in aghaidh an tseisiúin.

CUID II

SLÁINTE, LEAS AGUS FORBAIRT AN LINBH

5. Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go n-éascaítear foghlaim, forbairt agus leas gach linbh laistigh d’imeachtaí laethúla na seirbhíse trí na deiseanna cuí a chur ar fáil, mar aon leis na heispéiris, na gníomhaíochtaí, an

idirchaidreamh, na hábhair agus an trealamh a oireann d'aois agus do staid forbartha an linbh agus dá c(h)omhthéacs cultúrtha.

GARCHABHAIR

6. Beidh bosca garchabhrach le trealamh cuí le haghaidh leanaí san áitreabh.

CÚNAMH LEIGHIS

Cinnteoidh gach duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile:-
(a) go bhfuil dóthain i bhfeidhm chun glaoch ar chúnamh leighis gan mhoill i gcás éigeandála, agus
(b) go bhfuil prótacal i bhfeidhm chun míochaine a riar.

BAINISTÍOCHT AGUS SOLÁTHAR FOIRNE

8. (1) Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí -
(a) i gcónaí go mbíonn líon go leor d'aosaigh oiriúnacha oilte ag obair go díreach leis na leanaí réamhscoile sa tseirbhís réamhscoile,
(b) go bhfuil duine ainmnithe ag an tseirbhís le bheith i gceannas agus duine ainmnithe mar ionadaí atá in ann feidhmiú ina (h)áit de réir mar is gá, agus
(c) i gcónaí le linn na tréimhse nuair a bhíonn an tseirbhís á reachtáil, go mbíonn an duine ainmnithe atá i gceannas, nó an duine a luaitear i bparagraf 1(b) anseo i láthair san áitreabh.

(2) Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go déantar seiceáil chuí ar gach ball foirne, ar gach mac léinn agus ar gach saorálaí a bhfuil teagmháil acu le leanbh -
(a) trí ghrinnscrúdú a dhéanamh ar theistiméireachtaí ó fhostóirí cheana féin, go háirithe ón bhfostóir is déanaí, i dtaca le gach ball foirne, agus
(b) trí ghrinnscrúdú a dhéanamh ar theistiméireachtaí ó fhoinsí inmhuiníne i dtaca le gach mac léinn agus saorálaí, agus
(c) trí sheiceáil Gharda a fháil ó An Garda Síochána mar a bhfuil nósanna imeachta seasta leagtha síos acu chun seiceáil den chineál sin a chur ar fáil, agus
(d) i gcúinsí mar nach bhfuil seiceáil Gharda ar fáil i leith baill foirne, mic léinn agus saorálaithe a raibh cónaí orthu lasmuigh den dlínse, trína chinntiú go soláthraíonn na daoine seo an tseiceáil phóilíneachta is gá ó údaráis phóilíneachta eile.

(3) Déanfar na nósanna imeachta seiceála sin a chur i gcrích sula gceapfar nó sula sannfar aon duine nó sula gceadófar dóibh teagmháil le leanbh sa tseirbhís réamhscoile.

BAINISTÍOCHT IOMPRAÍOCHTA

(1) Caithfidh duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile a chinntiú nach dtugtar pionós corpartha do leanbh réamhscoile atá ag freastal na seirbhíse.

(2) Caithfidh duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile a chinntiú nach ndéantar aon chleachtais atá easurramach, táirístithe, dúshaothraitheach, bagrach nó díobhálach ó thaobh na mothúchán de nó faillitheach a imirt ar aon leanbh.

(3) Cinnteoidh duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile go bhfuil polasaithe agus cleachtais i scríbhinn i bhfeidhm chun déileáil le hiompraíocht dhúshlánach linbh agus chun an iompraíocht a láimhseáil, agus chun cuidiú leis an leanbh a (h)iompraíocht féin a láimhseáil de réir mar is cuí d'aois agus do staid forbartha an linbh.

CUID III

FÓGRA LE TABHAIRT AG DUINE ATÁ AG BEARTÚ SEIRBHÍS RÉAMHSCOILE A SHEOLADH

10.(1) Nuair atá duine ag beartú seirbhís réamshcoile a sheoladh, tabharfaidh an duine sin, 28 lá ar a laghad sula dtosaítear an tseirbhís, fógra i scríbhinn d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

(2) D'ainneoin paragraf (1) laistigh anseo, nuair atá duine ag beartú seirbhís réamhscoile a sheoladh i lárionad buail isteach sealadach, tabharfaidh an duine sin, 14 lá ar a laghad sula dtosaítear an tseirbhís, fógra i scríbhinn d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

(3) Beidh fógra faoi pharagraf (1) nó (2) den Rialachán seo san fhoirm a leagtar amach sa Sceideal leis na Rialacháin seo, nó i bhfoirm a mbeidh an éifeacht chéanna léi, ina mbeidh na sonraí go léir a shainítear san fhoirm sin.

FÓGRA FAOI AON ATHRÚ IN IMTHOSCA

11.(1) Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cuirfidh sé/sí, laistigh de 28 lá, fógra i scríbhinn chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i dtaobh aon athrú ar na sonraí san fhógra a thug an duine sin de réir an Aguisín leis na Rialacháin seo nó i bhfoirm a raibh an éifeacht chéanna léi.

(2) Duine a scoireann de sheirbhís réamhscoile a reachtáil, cuirfidh sé/sí fógra i scríbhinn, laistigh de 14 lá den scor den tseirbhís, chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

AN LÍON LEANAÍ RÉAMHSCOILE AR FÉIDIR RIAR ORTHU

12.(1) Tar éis iniúchadh ar áitreabh, is féidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte moladh a dhéanamh maidir leis an uaslíon leanaí réamhscoile ar féidir riar orthu san aon am amháin in áitreabh ina bhfuil serbhís réamhscoile á reachtáil. Nuair a dhéanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte moladh mar seo, cuirfidh sí san áireamh raon aoise na leanaí réamhscoile, na coibhnis aosach/leanaí, méid an ghrúpa agus an spás do gach leanbh. Cuirfidh an Fheidhmeannacht fógra i scríbhinn chun an duine atá ag seoladh na seirbhíse maidir leis an moladh agus na fáthanna atá leis agus beidh ráiteas san fhógra gur féidir leis an duine leasmhar aighneacht a chur chuig an bhFeidhmeannacht laistigh de 21 lá tar éis don duine sin an fógra a fháil.

(2) Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile a fhaigheann fógra faoi pharagraf (2) den Rialachán seo, is féidir leis/léi, laistigh de 21 lá tar éis an fógra a fháil, aighneacht a chur i scríbhinn chuig Príomhfheidhmeannach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus déanfaidh an Príomhfheidhmeannach nó oifigeach sainithe aige/aici:-

(i) sula gcinntear an cheist, aon aighneacht a rinneadh go cuí faoin bparagraf seo maidir leis an moladh a chur san áireamh, agus

(ii) fógra i scríbhinn a chur chuig an duine maidir leis an gcinneadh agus na fáthanna atá leis.

(3) Déanfaidh an duine atá ag seoladh na seirbhíse réamhscoile an cinneadh a luaitear i bparagraf (2) anseo a chomhlíonadh.

(4) Gan dochar don dualgas atá le comhlíonadh i bparagraf (3), is féidir leis an duine sin iarratas i scríbhinn a chur chuig Príomhfheidhmeannach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte am ar bith tar éis an cinneadh i bparagraf (2) a dhéanamh, ag iarraidh go leasófar an cinneadh, ar an ábhar go bhfuil athrú ar na himthosca ba chúis leis an gcinneadh.

(5) Nuair a fhaightear an t-iarratas sin, déanfaidh an Príomhfheidhmeannach nó an tOifigeach atá sainithe aige/aici an aighneacht a mheas, agus déanfar cinneadh an cóir an t-uaslíon a socraíodh a leasú.

(6) Fógrófar an cinneadh a luaitear i bpragraf (5) don duine atá ag seoladh na seirbhíse réamhscoile agus na fáthanna atá leis agus comhlíonfaidh an duine an cinneadh sin.

CUID IV

CLÁR DE LEANAÍ RÉAMHSCOILE

13.(1) Faoi réir pharagraf (3) den Rialachán seo, duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, coimeádfaidh sé/sí clár agus cuirfidh sé/sí sa chlár na sonraí seo a leanas i dtaobh gach leanbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís:-

(a) ainm agus dáta breithe an linbh réamhscoile,

(b) an chéad dáta ar fhreastail an leanbh réamhscoile ar an tseirbhís,

(c) an dáta ar éirigh an leanbh réamhscoile as freastal ar an tseirbhís,

(d) ainm agus seoladh tuismitheora nó caomhnóra an linbh réamhscoile agus uimhir theileafóin mar ar féidir teagmháil leis an tuismitheoir nó leis an gcaomhnóir sin nó le gaol nó cara leis an leanbh sin le linn uaireanta na seirbhíse,

(e) údarú chun an leanbh réamhscoile a bhailiú,

(f) sonraí faoi aon tinneas, míchumas, ailléirge nó riachtanas speisialta ag leanbh réamhscoile, mar aon leis na nótaí go léir a bhaineann le cúram nó aire speisialta,

(g) ainm agus uimhir theileafóin dochtúir teaghlaigh an linbh réamhscoile,

(h) taifead imdhíontaí, más ann doibh, a tugadh don leanbh réamhscoile, agus

(i) cead tuismitheora i scríbhinn le haghaidh cóireáil chuí leighis i gcás éigeandála.

(2) Beidh an clár ar oscailt le haghaidh iniúchadh san áitreabh ag:-

(a) tuismitheoir nó caomhnóir an linbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís ach maidir leis an bhfaisnéis sa chlár i dtaobh an linbh sin amháin,

(b) duine atá ag obair sa tseirbhís réamhscoile atá údaraithe chuige sin ag an duine atá ag seoladh na seirbhíse, agus

(c) duine údaraithe.

(3) Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach nó i lárionad buail isteach sealadach, cuirfidh sé/sí sa chlár na sonraí a luaitear i bparagraf (1) den Rialachán seo, seachas fo-pharagraif (b), (c), (g), (h) agus (i).

TAIFID

14.(1) Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, coimeádfaidh sé/sí taifead i scríbhinn den fhaisnéis seo a leanas i dtaobh na seirbhíse -

(a) ainm, post, cáilíochtaí agus taithí an duine atá i gceannas agus mar an gcéanna i gcás gach duine eile atá ag obair sa tseirbhís, agus saorálaithe agus mic léinn san áireamh,

(b) gach faisnéis a eascraíonn faoi Rialachán 8 (2),

(c) sonraí i dtaobh uaslíon na leanaí réamhscoile a riartar orthu ag aon am amháin,

(d) sonraí i dtaobh an chineáil seirbhíse agus raon aoise an ghrúpa,

(e) sonraí i dtaobh na gcoibhneas aosach/leanaí sa tseirbhís,

(f) an cineál cúraim nó cláir a sholáthraítear sa tseirbhís,

(g) na háiseanna atá ar fáil,

(h) na huaireanta oscailte agus na táillí,

(i) polasaithe agus nósanna imeachta na seirbhíse,

(j) sonraí freastail gach linbh réamhscoile ar bhonn laethúil,

(k) sonraí uainchláir na foirne ar bhonn laethúil,

(l) sonraí i dtaobh aon mhíochaine a tugadh do leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís agus cead sínithe an tuismitheora, agus

(m) sonraí i dtaobh aon timpiste, díobáil nó eachtra a bhain le leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.

(2) Beidh an taifead a luaitear i bparagraf (1) agus an doiciméadachas agus na taifid a luaitear i bParagraf (5) den Rialachán seo ar oscailt le haghaidh iniúchadh san áitreabh ag duine údaraithe.

(3) Seachas an fhaisnéis a choimeádtar sa taifead faoi Rialachán 14(1)(b) beidh an taifead a luaitear i bparagraf (1) den Rialachán seo ar oscailt le haghaidh iniúchadh san áitreabh ag tuismitheoir nó ag caomhnóir linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ach maidir leis an bhfaisnéis sa chlár i dtaobh an linbh sin amháin.

(4) Chun críche an tseirbhís réamhscoile a fheidhmiú, beidh an taifead a luaitear i bparagraf (1), cés moite den fhaisnéis a choimeádtar faoi Rialachán 14(1)(b), ar oscailt le haghaidh iniúchadh san áitreabh ag duine atá ag obair sa tseirbhís agus atá údaraithe chuige sin ag an duine atá ag seoladh na seirbhíse.

(5) Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, coimeádfaidh sé/sí na doiciméid agus na taifid go léir a bhaineann le teistiméireachtaí agus le seiceáil Gharda agus phóilíneachta a fhaightear faoi Rialachán 8(2).

FAISNÉIS DO THUISMITHEOIRÍ

15. Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, déanfaidh sé/sí an fhaisnéis a luaitear i Rialachán (14) (1) (a), (c), (d), (e), (f), (g), (h) agus (i) de na Rialacháin seo a sholáthar do thuismitheoir nó do chaomhnóir linbh atá ag beartú freastal ar an tseirbhís.

BEARTA SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN

16. (1) Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, coimeádfaidh sé/sí taifead i scríbhinn ar -

(a) na druileanna dóiteáin go léir a reachtáiltear san áitreabh, agus

(b) taifead den líon, den chineál agus den chothabháil maidir le trealamh dóiteáin agus aláraim deataigh san áitreabh.

(2) Beidh an taifead a luaitear i bparagraf (1) den rialachán seo ar oscailt lena iniúchadh ag:-

(a) tuismitheoir nó caomhnóir linbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís nó ag beartú freastal uirthi,

(b) gach duine atá ag obair sa tseirbhís, agus

(c) duine údaraithe.

(3) Cuirfear ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh fógra de na nósanna imeachta a leanfar i gcás dóiteáin.

CÓIP DEN ACHT AGUS DE NA RIALACHÁIN

17. Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, coimeádfaidh sé/sí cóip de Chuid VII den Acht um Chúram Leanaí 1991 agus de na Rialacháin seo san áitreabh agus beidh na cóipeanna réamhráite seo ar fáil lena n-iniúchadh ach iad a iarraidh ag:-

(a) tuismitheoir nó caomhnóir linbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís nó ag beartú freastal uirthi,

(b) gach duine atá ag obair sa tseirbhís, agus

(c) duine údaraithe.

CUID V

ÁITREABH AGUS ÁISEANNA

18. Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí -

(a) go bhfuil struchtúr an áitribh slán seasmhach, sábháilte agus daingnithe agus oiriúnach le haghaidh seirbhís réamhscoile a sholáthar,

(b) go gcuirtear dóthain spáis ar fáil san áitreabh le haghaidh gach leanbh,

(c) go gcoimeádtar an t-áitreabh, na ceangaltáin agus na fearais i gcóir mhaith chuí, agus go bhfuil siad i riocht glan sláinteach agus cosaint acu ó inmhíolú,

(d) go bhfuil áiseanna oiriúnacha daingne stórála ar fáil le haghaidh ceimicí glantóireachta, agus le haghaidh ábhair, substaintí nó trealamh atá baolach, tocsaineach, dainséarach nó guaiseach,

(e) go bhfuil áit shásúil oiriúnach stórála ar fáil le haghaidh pramanna, bugaithe linbh, cliabháin iompair, trealamh súgartha agus giúirléidí pearsanta, agus

(f) go bhfuil an t-áitreabh daingean a dhóthain in aghaidh creimirí ar bhealach nach gcuireann sábháilteacht na leanaí réamhscoile i mbaol nó go bhfuil sé tógtha ar chaoi a choisceann creimírí ó theacht isteach.

TÉAMH

19. Duine atá ag seoladh réamhscoile, cinnteoidh sé/sí:-

(a) go mbíonn teas sásúil ar fud an áitribh le cóir oiriúnach teasa ó am áitithe an áitribh go dtí deireadh an áitithe, agus aird á tabhairt do riachtanais na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís, agus

(b) nach gceadaítear córas teasa a bhfuil de bhaol ann go n-astóidh sé gásanna nó múch nó bolaithe atá bréan nó díobhálach.

AERÚ

20. Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go bhfuil cóir oiriúnach shásúil aeraithe á soláthar san áitreabh.

SOILSIÚ

21. Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go soláthraítear solas sásúil oiriúnach san áitreabh.

CÓIRÍOCHT SLÁINTÍOCHTA

22. Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go bhfuil áiseanna sásúla oiriúnacha sláintíochta ar fáil laistigh den fhoirgneamh.

DRAENÁIL AGUS DIÚSCAIRT CHAMRAIS

23. Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go bhfuil gléas oiriúnach éifeachtach draenála agus diúscartha camrais ar fáil don áitreabh.

STÓRÁIL AGUS DIÚSCAIRT DRAMHAÍOLA

24. Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go stóráiltear gach cinéal dramhaíola agus fuíollábhair eile go sláinteach agus go ndiúscraítear é go minic ar bhealach nach ndéanfaidh núis.

TREALAMH AGUS ÁBHAIR

25. Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí
(a) go bhfuil dóthain troscáin agus trealaimh agus ábhar súgartha agus oibre ann, agus go bhfuil an troscán sin agus an trealamh sin agus na hábhair sin go hoiriúnach neamhthocsaineach, i gceart agus i gcóir, agus go gcoimeádtar iad i riocht glan sláinteach, agus
(b) go bhfuil soláthar sásúil de chóracha glana leapa, de thuáillí agus d'éadaí breise le haghaidh na leanaí réamhscoile.

BIA AGUS DEOCH

26.(1) Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go bhfuil dóthain bia atá oiriúnach cothaitheach éagsúil ar fáil le haghaidh leanbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís.

xyz

(2) Nuair a chaitheann leanbh réamhscoile bia san áitreabh, cinnteoidh an duine atá ag seoladh na seirbhíse réamhscoile: -

(a) go soláthraítear dóthain áiseanna oiriúnacha chun an bia a stóráil, a ullmhú, a bhruith, agus a dháileadh, agus

(b) go soláthraítear dóthain gréithre oiriúnacha ite agus dóthain áiseanna oiriúnacha chun lámha agus soithí a ní, agus le haghaidh steirilithe.

(3) Tá an rialachán seo gan dochar do
(a) fhorálacha an Achta Sláinte 1947 agus do na rialacháin a dhéantar de bhun an Achta sin, agus
(b) fhorálacha Acht Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 1998, agus
(c) aon reachtaíocht thánaisteach a dhéantar de bhun Acht na gComhphobal Eorpach 1972 a bhaineann le sábhailteacht bhia.

BEARTA SÁBHÁILTEACHTA

27. Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, déanfaidh sé/sí gach beart réasúnta chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís a chaomhnú agus go háirithe cinnteoidh sé/sí:-

(a) go bhfuil feisteas cosanta seasta ar gach dromchla a scéitheann teas nó go bhfuil sé faoi réir teirmeastait chun teocht shábháilte ar an domchla a dheimhniú,

(b) go bhfuil uisce te a chuirtear ar fáil lena úsáid ag leanbh réamhscoile faoi réir teirmeastait chun teocht shábháilte a dheimhniú,

(c) go bhfuil fál timpeall aon ghairdín nó áit shúgartha sheachtrach agus go bhfuil daingniú ar na doirse agus ar na geataí ionas nach mbeidh rochtain gan mhaoirsiú ag leanbh réamhscoile ar bhóthar nó ar fhoinse eile dainséir, agus ionas nach mbeidh rochtain nó teacht isteach neamhúdaraithe le fáil ar an ngairdín nó ar an áit shúgartha sheachtrach,

(d) go bhfuil fál timpeall linnte, poll agus guaiseanna eile in aon ghairdín nó in aon áit shúgartha sheachtrach sa chaoi go gcosnaítear sábháilteacht aon linbh atá ag freastal ar an tseirbhís,

(e) go gcuirtear bearta i gcrích chun cosc a chur ar ionfhabhtú a scaipeadh,

(f) go bhfuil nósanna imeachta feidhmitheacha i bhfeidhm chun turais a riar go sábháilte agus go bhfuil tionlacan sábháilte ag leanaí réamhscoile ar gach turas.

ÁISEANNA SUAIMHNIS AGUS SÚGARTHA

28. Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí:-

(a) go bhfuil áiseanna oiriúnacha ar fáil do leanbh réamhscoile chun suaimhneas a ghlacadh de lá agus d'oíche (má sholáthraítear seirbhís réamhscoile thar oíche), agus

(b) go bhfuil dóthain áiseanna oiriúnacha ar fáil do leanbh réamhscoile chun súgradh laistigh agus lasmuigh i rith an lae, ag cur san áireamh líon na leanaí réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís, a n-aois agus an méid ama a chaitheann siad san áitreabh.

CUID VI

FAISNÉIS A SHOLÁTHAR D'FHEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE

29. Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, soláthróidh sé/sí an fhaisnéis sin d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte is féidir leis an bhFeidhmeannacht a éileamh go réasúnta chun na Rialacháin seo a fheidhmiú agus a fhorghníomhú agus beidh an fhaisnéis sin san fhoirm sin (más ann di) a shonróidh an Fheidhmeannacht.

ÁRACHAS

30. Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go bhfuil dóthain árachais ar na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís in aghaidh díobhála nuair atá siad ag freastal ar an tseirbhís.

TÁILLÍ BLIANTÚLA

31. (1) Faoi réir fo-alt 4 den alt seo, íocfaidh duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile táille bliantúil le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi chomhair costais iniúchtaí faoi Chuid VII den Acht agus is mar seo a bheidh méid an táille sin:

(a) san chás nach mó ná 3.5 uair a chloig in aghaidh an lae an tseirbhís a sholáthraítear - €40.00, agus

(b) seirbhís cúraim leanaí - €40.00

(c) i ngach cás eile - € 80.00

(2) Tabharfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a chóngaraí do chothrom an lae bliain i ndiaidh an fhógra a ndéantar tagairt dó i Rialachán 10 de na Rialacháin seo, agus go bliantúil as sin amach, fógra don duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile faoin táille is gá don duine sin a íoc.

(3) Laistigh de 28 lá ón uair a fhaigheann sé/sí fógra faoi pharagraf (2) den Rialachán seo, íocfaidh an duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile an táille a luaitear san fhógra le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

(3) Is féidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile a dhíolmhú ó tháille sa chás nach le brabús a dhéanamh a choinnítear aon leanbh réamhscoile.

INIÚCHADH

32.(1) Tar éis iniúchadh a dhéanamh ag duine údaraithe, soláthróidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tuarascáil i scríbhinn don duine atá ag seoladh na seirbhíse réamhscoile ar thoradh an iniúchta.

(2) Faoi réir pharagraf (1) den Rialachán seo, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cibé rud is gá chun na Rialacháin seo a fheidhmiú i dtaca leis an tseirbhís réamhscoile atá i gceist.

FEIDHMIÚ AGUS FORGHNÍOMHÚ

33. Déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte na Rialacháin seo a fheidhmiú agus a fhorghníomhú.

SCEIDEAL

Fógra chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ó dhuine atá ag beartú seirbhís réamhscoile a sheoladh.

I. Déanaimse.....,
[seoladh].....
....., atá os cionn ocht mbliana déag d'aois, fógra a thabhairt leis seo d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go bhfuil sé ar intinn agam seirbhís réamhscoile a sheoladh ag: -

Seoladh na
réamhscoile _____

_____

_____

Uimh. Theileafóin _____

Uimh. Fóin Phóca _____

Uimh. Facs _____

Seoladh r-phoist _____

Cineál áise – Cuir tic, le do thoil, de réir mar is cuí

Seirbhís cúraim leanaí _____
Seirbhís cúraim lánlae _____
Seirbhís réamhscoile thar oíche _____
Seirbhís cúraim páirtlae _____
Seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach _____
Seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach sealadach _____
Seirbhís réamhscoile sheisiúnach _____

An raibh tú i dteagmháil cheana le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun úsáid a bhaint as a seirbhís chomhairleach réamhscoile? _____

Más ‘bhí’ an freagra, abair dáta na teagmhála _____

Más duine aonair atá ag seoladh na seirbhíse réamhscoile, comhlánaigh Mír 1, le do thoil.
Más eagraíocht amhail grúpa deonach, cuideachta nó comhlacht eile atá ag seoladh na seirbhíse réamhscoile, comhlánaigh Mír 2, le do thoil.

Mír 1

Sonraí Pearsanta

1. Más duine aonair atá ag seoladh na seirbhíse réamhscoile, comhlánaigh (a), (b), (c) agus (d) de réir mar is cuí.

(a) Luaigh, le do thoil, ainm iomlán, ainm(neacha) roimhe seo, dáta breithe, seoladh baile, uimhir theileafóin baile, uimhir theileafóin phóca, uimhir facs agus seoladh r-phoist an duine aonair atá ag seoladh na seirbhíse réamhscoile.

Ainm _____

Ainm(neacha) roimhe seo _____

Dáta Breithe _____

Seoladh Baile _____
_____
_____
_____
_____

Uimh. Theileafóin Baile _____

Uimh. Fóin Phóca _____

Uimh. Facs _____

Seoladh r-phoist _____

(b) Luaigh, le do thoil, ainm iomlán, ainm(neacha) roimhe seo, uimhir theileafóin baile, uimhir fóin phóca, uimhir facs agus seoladh r-phoist an aosaigh atá i gceannas ar fheidhmiú na seirbhíse réamhscoile.
Ainm _____

Ainm(neacha) roimhe seo _____

Dáta Breithe _____

Seoladh Baile _____
_____

_____
_____

Uimh. Theileafóin Baile *_____

Uimh. Fóin Phóca * _____

Uimh. Facs. * _____

Seoladh r-phoist * _____

**** ní gá ach amháin más difriúil óna bhfuil thuas***

(c) Faisnéis atá le tabhairt i dtaobh an duine aonair atá ag seoladh na seirbhíse réamhscoile.

(i) Cáilíocht(aí) ábhartha (teideal agus dáta cáilíochta(í); ainm na heagraíochta a bhronn an cháilíocht/na cáilíochtaí, nó ainm an chomhlachta/na gcomhlachtaí dámhachtana)

Cáilíocht (aí) _____
_____
_____

Ainm na hEagraíochta/na nEagraíochtaí/
an chomhlachta/na gcomhlachtaí dámhachtana
_____
_____
_____
_____

Seoladh Oifig Chláraithe _____
_____

na hEagraíochta/na nEagraíochtaí _____
_____

nó an chomhlachta/ na _____
_____

gcomhlachtaí dámhachtana _____
_____

(ii) Taithí ábhartha agus san áireamh obair dheonach cheana le leanaí nó obair ar pá cheana le leanaí.
Tabhair sonraí anseo (úsáid _____
_____

bileog bhreise más gá) _____
_____ _____
_____

(d) Faisnéis atá le tabhairt i dtaobh an aosaigh atá i gceannas ar fheidhmiú na seirbhíse réamhscoile

(i) Cáilíocht(aí) ábhartha (teideal agus dáta cáilíochta(í); ainm na heagraíochta a bhronn an cháilíocht/na cáilíochtaí, ainm an chomhlachta/na gcomhlachtaí dámhachtana)

Cáilíocht (aí) _____

_____

_____

_____

_____

Ainm na hEagraíochta/na nEagraíochtaí/
an chomhlachta/na gcomhlachtaí dámhachtana _____

_____

_____

_____

_____

_____

Seoladh Oifig Chláraithe _____

_____

na hEagraíochta/na nEagraíochtaí _____

_____

nó an chomhlachta/ na _____

_____

gcomhlachtaí dámhachtana _____

_____

(iii) Taithí ábhartha agus san áireamh obair dheonach cheana le leanaí nó obair ar pá cheana le leanaí.
Tabhair sonraí anseo (úsáid _____

_____

bileog bhreise más gá) _____

_____ _____

_____ _____

Mír 2

2. Más eagraíocht amhail grúpa deonach, cuideachta nó comhlacht eile atá ag seoladh na seirbhíse réamhscoile:

(a) Luaigh, le do thoil, ainm agus seoladh, uimhir theileafóin, uimhir fóin phóca, uimhir facs agus seoladh r-phoist na heagraíochta agus ainm iomlán an duine atá ag feidhmiú thar cheann na heagraíochta, a p(h)ost agus a s(h)eoladh baile, a (h)uimhir theileafóin baile, a (h)uimhir fóin phóca, a (h)uimhir facs agus a s(h)eoladh r-phoist.

Ainm na hEagraíochta _____

Seoladh na hEagraíochta _____

_____

_____

_____

Uimh. Theileafóin _____

Uimh. Fóin Phóca _____

Uimh. Facs _____

Seoladh r-phoist _____

Ainm an duine a fheidhmíonn
thar cheann na hEagraíochta _____

Post san Eagraíocht _____

Seoladh (más difriúil _____
ón gceann thuas) _____
_____
_____
_____

Uimh. Theileafóin Baile _____

Uimh. Fóin Phóca* _____

Uimh. Facs* _____

Seoladh r-phoist* _____

**** ní gá ach amháin más difriúil óna bhfuil thuas***

(b) Luaigh, le do thoil, ainm iomlán, ainm(neacha) roimhe seo, seoladh baile agus uimhir theileafóin baile, uimhir fóin phóca, uimhir facs agus seoladh r-phoist an aosaigh atá i gceannas ar fheidhmiú na seirbhíse réamhscoile.

Ainm _____

Ainm(neacha) roimhe seo _____

Dáta Breithe _____

Seoladh Baile _____
_____
_____

_____

Uimh. Theileafóin Baile _____

Uimh. Fóin Phóca _____

Uimh. Facs _____

Seoladh r-phoist _____

(c) I gcás cuideachta chláraithe, caithfear ainm agus seoladh na hoifige cláraithe, ainm Rúnaí na Cuideachta agus uimhir chláraithe na cuideachta a lua chomh maith.

Ainm na Cuideachta _____

Seoladh na hOifige Cláraithe _____
_____
_____
_____

Ainm Rúnaí na Cuideachta _____

Uimh. Chláraithe na Cuideachta (más ábhartha) _____

(d) Faisnéis atá le tabhairt i dtaobh an aosaigh atá i gceannas ar fheidhmiú na seirbhíse réamhscoile.

(i) Cáilíocht(aí) ábhartha (teideal agus dáta cáilíochta(í); ainm na heagraíochta a bhronn an cháilíocht/na cáilíochtaí; ainm an chomhlachta/na gcomhlachtaí dámhachtana)

Cáilíocht (aí) _____
_____
_____
_____
_____

Ainm na hEagraíochta/na nEagraíochtaí/
an chomhlachta/na gcomhlachtaí dámhachtana _____
_____
_____
_____
_____

Seoladh Oifig Chláraithe _____
na hEagraíochta/na nEagraíochtaí _____
nó an chomhlachta/ na _____
gcomhlachtaí dámhachtana _____

(ii) Taithí ábhartha agus san áireamh obair dheonach cheana le leanaí nó obair ar pá cheana le leanaí.
Tabhair sonraí anseo (úsáid _____
bileog bhreise más gá) _____
_____
_____

3. Cur síos ar na háiseanna –ag rá an teaghais (teach cónaithe) nó eile an t-áitreabh.

		Teaghais (Teach Cónaithe)	Seachas Teaghais (Teach Cónaithe)
(a)	Seirbhís cúraim leanaí	_____	_____
	Seirbhís cúraim lánlae	_____	_____
	Seirbhís réamhscoile thar oíche	_____	_____
	Seirbhís cúraim páirtlae	_____	_____
	Seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach	_____	_____
	Seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach sealadach	_____	_____
	Seirbhís réamhscoile sheisiúnach	_____	_____

(b) Luaigh líon na leanaí a riartar orthu san áitreabh _____

Raon aoise na leanaí a bhfuiltear le riar orthu _____

(c) An líon foirne ar fostú _____

(i) Foireann aosach um chúram leanaí (ag obair go díreach le leanaí) _____

(ii) Foireann mac léinn um chúram leanaí _____

(iii) Foireann chúnta (foireann nach bhfuil ag obair go díreach le leanaí) _____

(d) Uaireanta an chloig ar oscailt	ó	go dtí
(i)	_____	_____
(ii)	_____	_____
(iii)	_____	_____

(e) Méad seachtainí ar oscailt _____

(f) Méad seachtainí dúnta _____
(más cuí)

(g) Dátaí dúnta ó go dtí
(más cuí)

(i) _____ _____

(ii) _____ _____

(h) Fad na seirbhíse agus an cineál ócáide _____
(i gcás seirbhís _____
réamhscoile i _____
lárionad buail isteach
sealadach) _____

4. Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis atá leagtha amach san fhógra seo go léir ceart.

Síniú _____

Dáta _____

TUGTHA faoi mo láimh

6 Nollaig 2006

_____

Brian Ó Luineacháin
Aire Stáit ag an
Roinn Sláinte agus Leanaí

NÓTA MÍNITHE

(Ní cuid den Ionstraim é seo agus níl sé ceaptha a bheith ina mhíniú dlithiúil).

Leagann na Rialacháin seo amach na riachtanais éagsúla is gá a dhéanamh de réir dlí ag daoine atá ag seoladh seirbhísí réamhscoile chun sláinte, sábháilteacht agus leas leanaí réamhscoile a áirithiú agus chun forbairt na leanaí sin a chur chun cinn.

Tá na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 1996 (I.R. Uimh. 398 de 1996) agus na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 1997 (I.R. Uimh. 268 de 1997) arna gcúlghairm ar theacht i bhfeidhm do na Rialacháin seo agus cúlghairtear láithreach na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006 (I.R. Uimh. 505 de 2006).

I.R. Uimh. 643 de 2006

RIALACHÁIN UM CHÚRAM LEANAÍ (SEIRBHÍSÍ RÉAMHSCOILE) (Uimh. 2) (LEASÚ) 2006

Déanaimse, BRIAN Ó LUINEACHÁIN, Aire Stáit ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a tugadh dom faoi Ailt 50 agus 68 den Acht um Chúram Leanaí 1991, (Uimh. 17 de 1991) mar a oiriúnaíodh iad leis an Ordú Sláinte (Éagsúlú Ainm na Roinne agus Teideal an Aire) (I.R. Uimh. 308 de 1997), agus leis an Ordú Sláinte agus Leanaí (Tarmligean Feidhmeanna Aire) 2004 (I.R. Uimh. 842 de 2004) agus tar éis comhairliúcháin leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, leis seo na Rialacháin seo a leanas:-

LUA

1. Is féidir na Rialacháin seo a lua mar na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) (Leasú) 2006.

TOSACH FEIDHME

2. Cuirtear an paragraf seo a leanas in ionad Pharagraf 2(2) de na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) 2006 (I.R. Uimh. 604 de 2006)

"(2)Tiocfaidh Rialachán 3(2) i bhfeidhm ar 19 Nollaig 2006."

TUGTHA faoi mo láimh

18 Nollaig 2006

Brian Ó Luineacháin
Aire Stáit ag an
Roinn Sláinte agus Leanaí

NÓTA MÍNITHE

(Ní cuid den Ionstraim é seo agus níl sé ceaptha a bheith ina mhíniú dlithiúil).

Leasaíonn an Rialachán seo na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) 2006 (I.R. Uimh. 604 de 2006) chun na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006 (I.R. 505 de 2006) a chúlghairm le héifeacht ó 19 Nollaig 2006.

CUID II

TREOIR MHÍNITHE DO RIACHTANAIS AGUS NÓSANNA IMEACHTA LE HAGHAIDH FÓGARTHA AGUS INIÚCHTA

Clár na nÁbhar

Leathanach

Cuid I

Réamhrá
Rangú seirbhísí réamhscoile

Cuid II

Rialachán 5 – Sláinte, leas agus forbairt an linbh
Rialachán 6 – Garchabhair
Rialachán 7 – Cúnamh leighis
Rialachán 8 – Bainistíocht agus soláthar foirne
Rialachán 9 – Bainistíocht iompraíochta

Cuid III

Rialachán 10 – Fógra le tabhairt ag duine atá ag beartú seirbhís réamhscoile a sheoladh
Rialachán 12 – Líon na leanaí réamhscoile ar féidir freastal orthu

Cuid IV

Rialachán 13 – Clár leanaí réamhscoile
Rialachán 14 - Taifid
Rialachán 16 – Bearta sábháilteachta i gcás dóiteáin
Rialachán 17 – Cóip den Acht agus de na Rialacháin

Cuid V

Rialachán 18 – Áitreabh agus áiseanna
Rialachán 19 - Téamh
Rialachán 20 - Aerú
Rialachán 21 - Soilsiú
Rialachán 22 – Cóiríocht sláintíochta
Rialachán 24 – Stóráil agus diúscairt dramhaíola
Rialachán 25 – Trealamh agus ábhair
Rialachán 26 – Bia agus deoch
Rialachán 27 – Bearta sábháilteachta
Rialachán 28 – Áiseanna suaimhnis agus súgartha

Cuid VI

Rialachán 30 - Árachas
Rialachán 32 - Iniúchadh

CUID 1

1. RÉAMHRÁ

1.1 Chomh fada agus a bhaineann le seirbhísí réamhscoile, leagtar amach príomhfhorálacha an Achta um Chúram Leanaí 1991 i gCuid VII den Acht. Sainítear leanbh réamhscoile mar leanbh faoi sé bliana d'aois nach bhfuil ag dul ar scoil náisiúnta nó a comhionann. Ar na seirbhísí a chuimsítear tá réamhscoileanna, grúpaí súgartha, creiseanna, naíolanna lae, réamhscoileanna Montessori, naíonraí, cúramóirí leanaí infhógartha nó seirbhísí dá leithéidí, a riarann ar leanaí idir 0 agus 6 bliana d'aois.

Déanann Cuid VII den Acht

(i) soláthar chun rialacháin a dhéanamh d'fhonn sláinte, sábháilteacht agus leas a chinntiú do leanaí réamhscoile atá ag freastal ar sheirbhísí réamhscoile, agus d'fhonn a bhforbairt a chur chun cinn,
(ii) dualgas a chur ar sholáthróirí réamhscoile fógra a chur chun Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,
(iii) dualgas a chur ar an duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile gach beart réasúnta a chur i gcrích chun sláinte, sábháilteacht agus leas na leanaí réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís a chosaint agus chun a bhforbairt a chur chun cinn,
(iv) soláthar le haghaidh maoirsiú agus iniúchadh a dhéanamh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar sheirbhís réamhscoile,
(v) dualgas a chur ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faisnéis a sholáthar ar sheirbhísí réamhscoile,
(VI) soláthar maidir le coireanna faoi Chuid VII agus le smachtbhannaí cuí.

1.2 Tá díolúintí áirithe mar a leanas ó fhorálacha Chuid VII:-

(a) an cúram do leanbh réamhscoile amháin nó níos mó a thugann gaol leis an leanbh nó leis na leanaí nó a thugann céile an ghaoil sin,

(b) duine a thugann cúram do leanbh réamhscoile amháin nó níos mó as an teaghlach céanna agus gan aon leanaí eile a bheith i dteach cónaithe an duine sin (seachas leanaí an duine sin féin),

(c) duine a thugann cúram do líon leanaí réamhscoile nach mó ná triúr as teaghlaigh dhifriúla (seachas leanaí an duine sin féin) i dteach cónaithe an duine sin

Sa chomhthéacs seo, ciallaíonn gaol leis an leanbh deartháir, deirfiúr, uncail, aint, seantuismitheoir nó leastuismitheoir an linbh.

1.3 Is é cuspóir na Treorach seo ná treoir a chur ar fáil maidir leis na *Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) 2006.* Beidh an treoir ina cuidiú chun na Rialacháin a léirmhíniú agus freisin chun treoir a thabhairt ar an dea-chleachtas i dtaobh na réimsí a chlúdaítear faoi na Rialacháin. Scríobhadh í le haghaidh aon duine lena mbaineann a cuid forálacha, le haghaidh daoine a bhfuil dualgas orthu an reachtaíocht a fheidhmiú, le haghaidh daoine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile nó atá ag beartú seirbhís réamhscoile a sheoladh, agus le haghaidh teaghlaigh a bhfuil leanaí acu ag freastal ar sheirbhísí dá leithéidí. Rinneadh na Rialacháin faoi Chuid VII den Acht um Chúram Leanaí 1991 agus forordaíonn siad na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun críocha an Achta a shásamh maidir le:-

- sláinte, leas agus forbairt leanaí a chur chun cinn
- fógraí is gá a thabhairt d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- taifid a choimeád
- caighdeán áitribh agus áiseanna
- riarachán ginearálta

Faoi na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) 2006 agus na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) (Leasú) 2006 cúlghairtear na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 1996 (I.R. Uimh. 398 de 1996) agus na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Leasú) 1997, (I.R. Uimh. 268 de 1997).

1.4 Fearann na Rialacháin ar na cineálacha éagsúla de sholáthar réamhscoile, ó ghrúpaí súgartha pobail a sholáthar go deonach go cúram iomlán laethúil a sholáthar san earnáil phríobháideach.

Déanfar monatóireacht ar fheidhmiú na Rialachán leasaithe. Is féidir an Treoir seo a uasdátú ó am go ham chun treoir a thabhairt ar cheisteanna nua de réir mar a éiríonn siad.

Tá tuilleadh faisnéise in Aguisín A maidir leis na doiciméid a bhfuil tagairt dóibh sa Treoir Mhínithe seo.

2. RANGÚ SEIRBHÍSÍ RÉAMHSCOILE

Faoi Alt 50 den Acht is féidir leis na Rialacháin-

(a) soláthar difriúil a dhéanamh i dtaobh seirbhísí réamhscoile de chineálacha difriúla;

(b) riachtanais dhifriúla a fhorordú i dtaobh seirbhísí réamhscoile de chineálacha difriúla;

(c) soláthar a dhéanamh le haghaidh díolúintí ó aon chuid de na rialacháin i gcomhair seirbhísí réamhscoile de shainchineál nó de shainchineálacha.

Sna Rialacháin ní dhearnadh miondealú idir shainriachtanais i gcomhair seirbhísí réamhscoile de chineálacha difriúla. Sainítear na cineálacha seirbhísí réamhscoile seo a leanas chun críocha na Rialachán:-

(i) Seirbhísí Seisiúnacha

Ciallaíonn "seirbhís réamhscoile sheisiúnach" seirbhís réamhscoile a chuireann clár pleanáilte ar fáil do leanaí réamhscoile ar feadh 3.5 uair a chloig ar a mhéad san iomlán in aghaidh an tseisiúin.

Ar na seirbhísí a chuimsítear sa sainmhíniú thuas is féidir réamhscoileanna a áireamh, agus grúpaí súgartha, creiseanna, réamhscoileanna Montessori, naíonraí, cúramóirí leanaí infhógartha nó seirbhísí dá leithéidí a riarann go ginearálta ar leanaí réamhscoile atá idir 0 agus 6 bliana d'aois.

(ii) Cúram páirtlae

Ciallaíonn "seirbhís cúraim pháirtlae" seirbhís réamhscoile a chuireann seirbhís de chúram struchtúrtha lae a fáil do leanaí réamhscoile ar feadh breis agus 3.5 uair a chloig agus faoi 5 uair a chloig sa lá. Thiocfadh go mbeadh ann freisin seirbhís réamhscoile sheisiúnach do leanaí réamhscoile nach bhfuil ag freastal ar an tseirbhís cúraim pháirtlae.

Ní foláir don tseirbhís an timpeallacht fhisiciúil chéanna, agus áiseanna suaimhnis, súgartha agus sláintíochta san áireamh, a sholáthar agus a dhéantar le haghaidh cúraim lánlae.

Ar na seirbhísí a chuimsítear sa sainmhíniú thuas is féidir réamhscoileanna a áireamh, agus grúpaí súgartha, creiseanna, réamhscoileanna Montessori, naíonraí, cúramóirí leanaí infhógartha nó seirbhísí dá leithéidí a riarann go ginearálta ar leanaí réamhscoile atá idir 0 agus 6 bliana d'aois.

(iii) Cúram lánlae

Ciallaíonn "seirbhís cúraim lánlae" seirbhís réamhscoile a chuireann seirbhís de chúram struchtúrtha lae ar fáil do leanaí réamhscoile ar feadh breis agus 5 uair a chloig sa lá. Thiocfadh go mbeadh ann freisin seirbhís réamhscoile sheisiúnach do leanaí réamhscoile nach bhfuil ag freastal ar an tseirbhís cúraim lánlae.

Cuimsítear sa sainmhíniú seo seirbhísí ar a dtugtar faoi láthair naíolanna lae agus creiseanna.

Nuair a riartar chomh maith i seirbhís cúraim lánlae ar leanaí nach bhfuil ag freastal ar bhonn lánlae, is cóir go bhfeidhmeofar an coibhneas céanna maidir le haosach/leanaí agus le méid an ghrúpa is a bhaineann le seirbhísí seisiúnacha.

(iv) Seirbhís cúraim leanaí

Ciallaíonn "seirbhís cúraim leanaí" seirbhís réamhscoile ina dtiocfadh go mbeadh seirbhís thar oíche á tairiscint ag duine a thugann cúram go haonraic do leanaí réamhscoile, agus leanaí an chúramóra leanaí san áireamh, i dteach cónaithe an chúramóra ar feadh breis agus dhá uair a chloig sa lá san iomlán, ach amháin nuair a bhaineann na díolúintí faoi Alt 58 den Acht um Chúram Leanaí 1991 le hábhar.

Is “cúramóir leanaí” duine a sholáthraíonn seirbhís cúraim leanaí mar a shainítear sna Rialacháin.

Baineann an tseirbhís seo le leanaí réamhscoile a dtugtar aire dóibh i dteach cónaithe an chúramóra leanaí. Déantar an tseirbhís a thairiscint ar feadh lánlae oibre nó do thréimhsí difriúla i rith an lae.

Cúramóirí leanaí nach bhfuil dualgas reachtúil orthu fógra a thabhairt, is cóir dóibh teagmháil leis an gCoiste Cathrach/Contae um Chúram Leanaí nó le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus úsáid a bhaint as an gcóras deonach fógartha agus tacaíochta.

(v) Seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach agus i lárionad buail isteach sealadach

Ciallaíonn “seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach" seirbhís réamhscoile a sholáthraíonn cúram lae ar bhonn a úsáidte ó am go ham amháin.

Ciallaíonn “seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach sealadach” seirbhís réamhscoile a sholáthraíonn cúram lae ar bhonn sealadach amháin.

Seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach, is ionann í agus seirbhís mar a dtugtar cúram do leanbh ar feadh tréimhse nach mó ná dhá uair a chloig fad is atá an tuismitheoir nó an caomhnóir ag baint úsáid as seirbhís nó ag freastal ar ócáid. Bíonn seirbhísí dá leithéid ar fáil den chuid is mó i lárionaid siopadóireachta, i lárionaid fóillíochta nó in ionaid eile mar ghné de sheirbhís do chustaiméirí/chliaint.

Seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach sealadach, is ionann í agus seirbhís mar a dtugtar cúram do leanbh fad is atá an tuismitheoir nó an caomhnóir ag freastal ar ócáid aon uaire amhail chomhdháil nó ócáid spóirt.

Duine nó eagraíocht atá ag beartú seirbhís buail isteach sealadach um chúram leanaí le haghaidh leanaí réamhscoile a sheoladh chun riar ar thuismitheoirí atá ag freastal ar ócáid dá leithéid, is cóir dóibh comhairle a lorg ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go luath agus iad ag forbairt na seirbhíse agus fógra a thabhairt d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 14 lá roimh an ócáid.

Riachtanais dhifriúla le haghaidh seirbhísí réamhscoile de chineálacha difriúla

Na riachtanais mholta a leagtar síos sa Treoir Mhínithe maidir le coibhnis aosach/leanaí, le coibhnis spáis agus le bia agus cothú, athraíonn siad de réir an chineáil seirbhíse. Athraíonn freisin na táillí bliantúla a bhaineann le hábhar. Seachas sin, baineann na rialacháin le gach aon chineál, ach amháin má deirtear a mhalairt sna Rialacháin nó sa Treoir Mhínithe.

Féach Rialachán 8 agus an Treoir Mhínithe ar Rialacháin 8 agus 18 maidir le coibhnis aosach/leanaí agus leis na coibhnis spáis le haghaidh na gcineálacha éagsúla seirbhíse réamhscoile.

Féach na Treoirlínte um Bia agus Cothaithe le haghaidh Seirbhísí Réamhscoile (Aibreán 2004) maidir leis na treoirlínte ar an mbia is féidir a thairiscint do leanaí sna cineálacha éagsúla seirbhíse réamhscoile.

Féach Rialachán 31 maidir leis na táillí bliantúla a bhaineann leis na cineálacha éagsúla seirbhíse.

(vi) Seirbhís réamhscoile thar oíche

Ciallaíonn “seirbhís réamhscoile thar oíche” seirbhís ina dtugtar cúram do leanaí ar feadh breis is dhá uair a chloig san iomlán idir 7.00pm agus 6.00am seachas mar a mbaineann na díolúintí faoi Alt 58 den Acht um Chúram Leanaí 1991 le hábhar.
Sna seirbhísí réamhscoile thar oíche tugtar cúram do leanaí réamhscoile thar oíche i seirbhís ar nós creise nó ar nós seirbhís cúraim leanaí chun socruithe oibre na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí a éascú. Deimhníodh le comhairle dlí go gcuimsítear seirbhísí dá leithéidí sa sainmhíniú ar “sheirbhís réamhscoile” atá leagtha amach san Acht um Chúram Leanaí 1991.

Bainfidh Rialacháin 5-33 le hábhar.

Nuair a sholáthraítear seirbhís réamhscoile thar oíche i seirbhís ar nós creise, is iad na coibhnis aosach/leanaí a mholtar ná:

Aois	Coibhneas aosach/leanaí
0-1 bhliain	1:3
1-6 bliana	1:5

Is cóir go mbeidh duine amháin ar a laghad den fhoireann ina d(h)úiseacht agus ag maoirsiú agus ag seiceáil go gníomhach ar na leanaí réamhscoile an t-am ar fad.

Nuair a sholáthraítear seirbhís réamhscoile thar oíche i seirbhís cúraim leanaí, ní cóir go mbeadh an cúramóir leanaí ag tabhairt aire ach do chúigear leanaí réamhscoile ar a mhéad, agus leanaí réamhscoile an chúramóra leanaí san áireamh. Ní cóir go mbeadh thar bheirt de na leanaí faoi cúig mhí dhéag d’aois. Mura rud praiticiúil é i seirbhís cúraim leanaí le cúigear leanaí réamhscoile nó níos lú go mbeadh aosach ina d(h)úiseacht agus ag maoirsiú na leanaí réamhscoile go gníomhach an t-am ar fad, is cóir fearais leictreonacha a úsáid le haghaidh monatóireacht naíonáin agus freisin seiceáil a dhéanamh ó am go ham. Féach ‘Seiceáil ar naíonáin ina gcodladh’ faoi Rialachán 28.

I gcás go bhfuil cúramóir leanaí ag tabhairt aire do sheisear leanaí réamhscoile agus a cuid leanaí réamhscoile féin san áireamh nuair a thagann na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) 2006 i bhfeidhm, ní bheidh ar an gcúramóir leanaí an líon a bhfuiltear ag tabhairt aire dóibh a laghdú go 5 go dtí go dtéann duine den ghrúpa sin de 6 leanaí réamhscoile ar scoil nó go bhfágann sé nó sí an tseirbhís go deonach.

Is cóir go mbeidh teileafón san áitreabh ag seirbhís réamhscoile thar oíche agus caithfidh an dara duine a bheith ar fáil chun déileáil le héigeandálaí.

Is cóir aird speisialta a thabhairt ar na nithe seo a leanas faoi réir na Rialachán:

Rialachán 8

- cinntiú maidir le hoiriúnacht (ar a mbeidh glanadh Garda, áit a bhfuil an tseirbhís seo ar fáil) agus le taithí na foirne a bhíonn ar dualgas istoíche, agus san áireamh mothúcháin agus goilliúnacht leanaí i dtaobh inscne a gcúramóra

Rialachán 9

- polasaí um Chosaint Leanaí a bheith i bhfeidhm ar bhonn *Children First National Guidelines for the Protection and Welfare of Children*

Rialachán 13

- nósanna imeachta soiléire i scríbhinn a bheith ann chun déileáil le héigeandálaí mar aon le huimhreacha teagmhála oíche chun teacht ar thuismitheoirí / chaomhnóirí agus ar Dhochtúirí Teaghlaigh

Rialacháin 18, 22, 23, 24, 25, 27 agus 28

- leibhéal sláinteachais, glaine agus maisiúcháin na n-ionad codlata

Rialacháin 25 agus 28

- na cineálacha córacha leapa a theastaíonn, ag cur san áireamh aois na leanaí
- línéadach glan a bheith ar fáil le haghaidh gach linbh
- dóthain soláthair de chóir leapa a bheith ar fáil, agus a chinntiú nach n-úsáidtear cliabháin taistil

Rialachán 19

- córais shábháilte téimh a bheith ann agus seomraí le réimse compordach teasa

Rialachán 20

- aerú sásúil a bheith ann

Rialacháin 18 agus 21

- geataí staighre a bheith ann agus soilsiú íseal oiriúnach, nuair is cuí

Rialachán 28

- suíomh leapa nó chliabhán an linbh, ag cur san áireamh inscne agus aoiseanna na leanaí eile agus na n-aosach atá ina gcodladh san áitreabh thar oíche
- cóiríocht chodlata ar leithligh don fhoireann
- deartháireacha agus deirféaracha a chur i gcuideachta a chéile
- comhaontú le tuismitheoirí / caomhnóirí maidir le cóiríocht chodlata an linbh

Is cóir don soláthróir gníomhú go dlúth leis na tuismitheoirí / caomhnóirí maidir le riachtanais na leanaí roimh dhul a chodladh dóibh, le linn codlata agus ina dhiaidh. Uime seo is cóir bheith ar an eolas i dtaobh

- gobáin is rogha leis an leanbh agus na nósanna imeachta um dhul a chodladh
- rogha bia agus dí an linbh
- cleachtais chultúrtha nó chreidimh an linbh
- riachtanais éadaigh an linbh le haghaidh lae agus oíche

- nósanna imeachta cithfholctha agus folctha an linbh, agus
- riachtanais maidir le giúirléidí amhail scuab fiacla, tuáillí agus scuab gruaige.

Is cóir go gcuimseofaí anseo freisin eolas faoi aon fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ag an leanbh amhail fliuchadh leapa nó tromluí.

Rialacháin 16 agus 27

Chun an tslándáil a chaomhnú, is cóir go mbeadh na doirse ón taobh amuigh curtha faoi ghlas i gceart, agus go ndaingeofaí na fuinneoga le gléasanna sábháilteachta agus iontrála de réir riachtanais na Rialacha Tógála 1997-2006:

- is cóir fearais gáis agus leictreachais a mhúchadh
- is cóir go mbeidh aon chóras aláraim slándála ag obair i gceart
- is cóir do sholáthróirí comhairle a lorg ón Údarás Dóiteáin áitiúil i dtaca leis na riachtanais sábháilteachta dóiteáin le haghaidh seirbhísí den chineál seo.

Déanfar athmheas leanúnach ar an gcuid seo den Treoir Mhínithe.

Tá Treoirlínte do Sholáthróirí Seirbhísí Cúraim Leanaí thar Oíche le fáil freisin ón FSS Iar-Thuaidh (*HSE North West*), teileafón 071-914 5132

CUID II

Rialachán 5 SLÁINTE, LEAS AGUS FORBAIRT AN LINBH

Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go n-éascaítear foghlaim, forbairt agus leas gach linbh laistigh d'imeachtaí laethúla na seirbhíse trí na deiseanna a chur ar fáil, mar aon leis na heispéiris, na gníomhaíochtaí, an idirchaidreamh, na hábhair agus an trealamh a oireann d'aois agus do staid forbartha an linbh agus dá c(h)omhthéacs cultúrtha.

Riachtanais forbartha gach linbh a mheas

Cúlra

Thug an earnáil cúraim leanaí faoi roinnt tionscnamh ar mhaithe le deiseanna súgartha ardchaighdeáin, ar mhaithe lena cuspóir féin féin agus mar aitheantas ar an gcuidiú a thugann siad d'fhorbairt an linbh. Aithníonn an earnáil an súgradh mar mheán cumhachtach foghlama do leanaí óga.

Sa Chreatlach Eiseamláireach don Oideachas, don Oiliúint agus don Fhorbairt Ghairmiúil san Earnáil um Luath-Chúram agus Oideachas Leanaí (*Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí)* leagtar amach proifílí cleachtóra don earnáil cúraim leanaí agus sainaithnítear an nasc doscaoilte atá idir súgradh agus luathoideachas na leanbh-aoise. Tá an Lárionad um Luath-Fhorbairt agus Oideachas na Leanbh-aoise tar éis creatlach d'ardchaighdeán a fhorbairt le aghaidh luathchúram agus luathoideachas don leanbh-aois – 'Síolta, The National Quality Framework for Early Childhood Education, 2006'.

Cad tá le déanamh ag soláthróirí seirbhíse

Caithfear riachtanais, spéiseanna agus cumais gach linbh aonair a mheas nuair a bhítear i mbun pleanála chun tacú le forbairt an linbh de réir fhealsúnacht agus aetas na seirbhíse, mar atá leagtha síos sa Treoir Mhinithe ar Rialachán 14(1)(f) agus 25(a) ag (iv). Is cóir go gcinnteodh an soláthróir go forghníomhach na bearta is gá chun díriú ar riachtanais gach linbh, i gcomhar lena t(h)uismitheoirí agus tar éis comhairliúcháin, de réir mar is cuí, le seirbhísí ábhartha eile.

Is cóir riachtanais foghlama, forbartha agus leasa gach linbh a shásamh laistigh d'imeachtaí laethúla na seirbhíse, trí na deiseanna, an taithí, na gníomhachtaí, an idirchaidreamh agus na hábhair is cuí a chur ar fáil. Agus na riachtanais á sásamh ag soláthróirí seirbhíse, is cóir dóibh aitheantas a thabhairt don tionchar a imríonn leanaí ar na gaolmhaireachtaí, ar an timpeallacht agus ar na himeachtaí thart timpeall orthu, agus, ar a sheal, conas mar a théann na nithe seo i bhfeidhm orthusan. Rianaítear an cur chuige seo sa Straitéis Náisiúnta Leanaí (*National Children's Strategy*) a dtugtar air 'Peirspictíocht ar an Leanbh san Iomlán'. Féach na mionsonraí in Aguisín B).

Féach an Treoir Mhínithe ar Rialachán 14(1)(f)
Féach an Treoir Mhínithe ar Rialachán 25 (a) ag (iv)

Rialachán 6 GARCHABHAIR

Beidh bosca garchabhrach le trealamh cuí le haghaidh leanaí san áitreabh.

Boscaí Garchabhrach

Tá an t-ábhar a mholtar a chur i mbosca garchabhrach le haghaidh leanaí ag Aguisín C.

Riamh ní cóir míochainí, spréanna nó lóiseanna a choimeád i mbosca garchabhrach. Is cóir iad seo a stóráil ar leithligh.

Is cóir na míochainí go léir a choimeád ina ngabhdáin bhunaidh, le lipéid shoiléire orthu, agus in áit nach féidir leis na leanaí teacht orthu.

Is cóir gach bosca garchabhrach a choimeád go sábháilte in áit sho-fhála fheiceálach.

Is cóir bosca garchabhrach a thógáil ar thurais.

Oiliúint Gharchabhrach

Is cóir go mbeadh duine atá oilte sa gharchabhair le haghaidh leanaí san áitreabh i gcónaí. Beidh daoine oilte breise ag teastáil, de réir réimse na seirbhísí.

Is cóir go mbeadh duine le hoiliúint sa gharchabhair le haghaidh leanaí ina dteannta ar thurais.

Le haghaidh tuilleadh eolais i dtaobh oiliúna, teagmhaigh le:

Cumann Chros Dhearg na hÉireann	Teil. 01 676 5135
Order of Malta Ambulance Corps	Teil. 01 668 4891
St. John Ambulance Brigade	Teil. 01 668 8077
The Irish Heart Foundation (CPR amháin)	Teil. 01 668 5001
An Scoil Cosanta Sibhialta	Teil. 01 837 9911

Is féidir freisin leis na Coistí Contae um Chúram Leanaí agus na hEagraíochtaí Deonacha Náisiúnta um Chúram Leanaí oiliúint nó eolas maidir le hoiliúint a thabhairt.

Féach freisin an Chairt um Innéacs Garchabhrach (An tAonad um Chur Chun na Sláinte).

Rialachán 7 CÚNAMH LEIGHIS

Cinntíodh gach duine atá ag seoladh seirbhís réamhscolaíochta:-
(a) go bhfuil socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm chun glaoch ar chúnamh leighis gan mhoill i gcás éigeandála, agus
(b) go bhfuil prótacal i bhfeidhm chun míochaine a riar.

Cead Tuismitheora

Is cóir cead tuismitheora i scribhinn a fháil a thugann cead do sholáthróir cúnamh leighis a fháil do leanbh in am éigeandála. Caithfidh an soláthróir seirbhíse gach dícheall a dhéanamh chun teagmháil leis an tuismitheoir i gcás éigeandála.

Féach freisin Rialachán 13(1)(g) maidir le sonraí teagmhála le dochtúirí leighis agus Rialachán 13(1)(i) maidir le cead tuismitheora i scríbhinn a chur sa Chlár.

Míochaine a riar

Is cóir go mbeidh prótacal ag soláthróirí maidir le míochaine a riar, agus oibreán antaifhiabhrasach san áireamh, i.e. míochaine laghdaithe teochta. Is cóir cead tuismitheora agus/nó treoracha i scríbhinn a fháil ó dhochtúir leighis de réir mar is gá.
Féach freisin Rialachán 14(1)(l) maidir le taifead a dhéanamh de mhíochaine a riartar, agus an Treoir Mhínithe ar Rialachán 6 maidir le Garchabhair.

Rialachán 8 BAINISTÍOCHT AGUS SOLÁTHAR FOIRNE

8. (1) Cinnteoidh aon duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile -

(a) i gcónaí go mbíonn líon go leor d'aosaigh oiriúnacha oilte ag obair go díreach leis na leanaí réamhscoile sa tseirbhís réamhscoile,

(b) go bhfuil duine ainmnithe ag an tseirbhís le bheith i gceannas agus duine ainmnithe mar ionadaí atá in ann feidhmiú ina (h)áit de réir mar is gá, agus

(c) i gcónaí le linn na tréimhse nuair a bhíonn an tseirbhís á reachtáil, go mbíonn an duine ainmnithe atá i gceannas nó an duine a luaitear i bparagraf 1(b) i láthair san áitreabh.

(2) Cinnteoidh duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile go déantar seiceáil chuí ar gach ball foirne, ar gach mac léinn agus ar gach saorálaí a bhfuil teagmháil acu le leanbh -
(a) trí ghrinnscrúdú a dhéanamh ar theistiméireachtaí ó fhostóirí cheana féin, go háirithe ón bhfostóir is déanaí, i dtaca le gach ball foirne, agus
(b) trí ghrinnscrúdú a dhéanamh ar theistiméireachtaí ó fhoinsí inmhuiníne i dtaca le gach mac léinn agus saorálaí, agus
(c) trí sheiceáil Gharda a fháil ó An Garda Síochána mar a bhfuil nósanna imeachta seasta leagtha síos acu chun seiceáil den chineál sin a chur ar fáil, agus
(d) i gcúinsí mar nach bhfuil seiceáil Gharda ar fáil i leith baill foirne, mic léinn agus saorálaithe a raibh cónaí orthu lasmuigh den dlínse, trína chinntiú go soláthraíonn na daoine seo an tseiceáil phóilíneachta is gá ó údaráis phóilíneachta eile.
(3) Déanfar na nósanna imeachta seiceála sin a chur i gcrích sula gceapfar nó sula sannfar aon duine nó sula gceadófar dóibh teagmháil le leanbh sa tseirbhís réamhscoile.

Aosaigh oiriúnacha oilte

Is aosach oiriúnach oilte duine (atá os cionn 18 mbliana) ag a bhfuil taithí chuí maidir le cúram a thabhairt do leanaí faoi sé bliana d'aois agus/nó ag a bhfuil cáilíocht chuí maidir le cúram leanaí.

Seiceáil

Chomh maith leis sin, beidh seiceáil chuí déanta ar an duine, e.g. beidh seiceáil Gharda* agus/nó seiceáil phóilíneachta faighte agus dhá theistiméireacht ar a laghad faighte agus fíoraithe. Má tá taithí oibre cheana ag an duine, caithfear teistiméireachtaí a fháil ó fhostóirí cheana (ar a mbeidh an fostóir/sannadh oibre is déanaí, de réir mar is cuí), nó caithfear teistiméireachtaí a fháil ó mholtóirí neamhspleácha inmhuiníne.

*nuair atá an tseirbhís seo ar fáil ó Phríomh-Lárionad Seiceála an Gharda.
Nuair atá nósanna imeachta i bhfeidhm chun faisnéis seiceála a chur ar fáil i leith na foirne, na mac léinn agus na saorálaithe de chuid seirbhísí réamhscoile, is cóir iarratais ar sheiceálacha Garda a chur faoi bhráid Phríomh-Lárionad Seiceála an Gharda trí bhealaí cumarsáide comhaontaithe ag sínitheoirí údaraithe, atá cláraithe ag Príomh-Lárionad Seiceála an Gharda agus atá ag feidhmiú thar cheann fostóirí. Ní cóir go ndéanfadh fostaithe aonair iarratais seiceála.

Féach freisin rialachán 14(1)(b).

Polasaithe bainistíochta, earcaíochta agus oiliúna

Is cóir go mbeadh polasaithe bainistíochta, earcaíochta agus oiliúna chun a chinntiú go mbeidh líon go leor d'aosaigh oiriúnacha inniúla ar fáil.

Is cóir go mbeidh duine ainmnithe ag an tseirbhís le bheith i gceannas agus duine ainmnithe mar ionadaí atá in ann feidhmiú ina (h)áit de réir mar is gá. Is cóir go mbeidh an duine seo nó an duine atá mar ionadaí i láthair san áitreabh i gcónaí nuair atá an tseirbhís ag feidhmiú.

Is cóir go mbeidh polasaí i scríbhinn i bhfeidhm maidir leis na socruithe a fheidhmeofar má bhíonn baill den fhoireann as láthair.

Féach Aguisín A i dtaca le doiciméad/doiciméid um Polasaithe agus Nósanna Imeachta.

Cáilíochtaí agus oiliúint

Aithnítear go bhfuil cáilíocht ag mórán d'fhoireann cúraim leanaí nó go bhfuil siad ag saothrú chun cáilíocht a fháil. I seirbhísí atá bunaithe i lárionad, meastar gur cóir go mbeadh sé mar sprioc ag an duine atá i gceannas go mbeadh ar a laghad caoga faoin gcéad den fhoireann cúraim leanaí agus cáilíocht chuí acu um chúram agus fhorbairt leanaí. Is cóir go gcaithfidh an fhoireann cháilithe sealanna ama le gach aoisghrúpa.

Is cóir don tseirbhís oiliúint intreorach a sholáthar.

Cúram lánlae, agus seirbhísí páirtaimsire agus seisiúnacha:

Leanaí a shannadh de réir réimsí aoisghrúpa
Is cóir go bhfeidhmeofaí ar bhonn solúbtha na coibhnis aosach/leanaí (féach táblaí (i), (ii) agus (iii) thíos) le haghaidh cúram lánlae, cúram páirtlae agus seirbhísí seisiúnacha ionas gur féidir leanbh a chur i ngrúpa le leanaí níos óige nó níos sine, más amhlaidh a oireann do staid fhorbartha an linbh.

Oiread agus is praiticiúil agus is sábháilte é a dhéanamh, is cóir na coibhnis aosach/leanaí a fheidhmiú chun idirchaidreamh le deartháireacha agus deirféaracha agus le grúpaí d'aoiseanna measctha a éascú. Is cóir líon iomlán na foirne cúraim leanaí atá ar fáil sa tseirbhís a chur san áireamh, seachas dáileadh 'in aghaidh an tseomra', ionas go mbainfear lánúsáid as an bhfoireann de réir na gcoibhneas aosach/leanaí atá molta, agus a chinntiú san am céanna go mbíonn líon go leor d'aosaigh inniúla ag obair go díreach leis na leanaí réamhscoile i gcónaí.

Is cóir go mbeidh ar chumas an tsoláthróra a léiriú lá ar bith cén grúpa lena mbaineann an leanbh agus na leibhéil foirne atá ann i rith an lae.

Ní cóir saorálaithe agus mic léinn atá ag obair sa tseirbhís a chur san áireamh nuair a dhéantar amach na coibhnis. Is féidir eisceachtaí a dhéanamh i seirbhísí seisiúnacha a bhfuil córas róta acu ar mhaithe le tuismitheoirí chun an riachtanas a shásamh maidir leis an dara haosach nó chun freastal ar ghanntanas práinneach foirne.

Tá uasmhéid an ghrúpa faoi réir an achair/spáis a theastaíonn. (Leagtar amach na riachtanais spáis sa Treoir Mhínithe ar Rialachán 18(b) um Áitreabh agus Áiseanna agus sa Treoir Mhínithe ar Rialachán 28 um áiseanna codlata).

An Dara hAosach

Caithfidh an dara haosach atá inniúil oiriúnach a bheith ar fáil chun déileáil le héigeandálaí.

Coibhnis aosach/leanaí

Moltar na coibhnis aosach/leanaí seo a leanas:

(i) Seirbhís Cúraim Lánlae

RAON AOISE	COIBHNEAS AOSACH/LEANAÍ
0-1bhliain	*1:3*
1-2 bhliain	*1:5*
2-3 bliana	*1:6*
3-6 bliana	*1:8*

Nuair a riarann seirbhís cúraim lánlae freisin ar leanaí nach bhfreastalaíonn ar bhonn lánlae, is cóir go bhfeidhmeofar an coibhneas aosach/leanaí agus méid an ghrúpa le haghaidh seirbhísí seisiúnacha, faoi mar is cuí.

(ii) Seirbhís Cúraim Páirtlae

RAON AOISE	COIBHNEAS AOSACH/LEANAÍ
0-1 bhliain	*1:3*
1-2 bhliain	*1:5*
2-3 bliana	*1:6*
3-6 bliana	*1:8*

(iii) Seirbhís Réamhscoile Sheisiúnach

RAON AOISE	COIBHNEAS AOSACH/LEANAÍ
0-1 bhliain	*1:3*
1-2.5 bhliain	*1:5*
2.5-6 bliana	*1:10*

Uaslíon

Is é 20 an t-uaslíon leanaí ar ar féidir riar in aon seomra amháin i ngrúpa seisiúnach, faoi réir an achair/spáis a theastaíonn. (Tá na riachtanais spáis leagtha amach sa Treoir Mhínithe ar Rialachán 18 agus sa Treoir Mhínithe ar Rialachán 28 ar áiseanna codlata).

(iv) Seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach nó i lárionad buail isteach sealadach

RAON AOISE	COIBHNEAS AOSACH/LEANAÍ	MÉID AN GHRÚPA
Lán-chomhtháthú aoise 0-6 bliana	*1:4*	*24*
1-4 leanbh (gan níos mó ná 2 leanbh < 15 mhí) – 1 aosach *Uaslíon an ghrúpa – 24*		

Is é an t-uasmhéid ama ar cóir leanbh a bheith i seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach ná 2 uair a chloig. Is féidir leanbh a fhágáil níos faide i lárionad sealadach de réir fhad na hócáide, e.g. comhdháil

Ní cóir go sáródh an t-uaslíon leanaí atá ag freastal ar sheirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach nó i lárionad sealadach 24 leanbh san aon am amháin, faoi réir na riachtanais spáis/achair a shásamh.

Má tá duine nó eagraíocht ag seoladh lárionad buail isteach agus go bhfuil sé ar intinn acu líon na leanaí réamhscoile dá dtugtar cúram a mhéadú go sealadach mar chuid de sheirbhís custaiméara/cliaint – e.g. comhdháil in óstán nó ócáid spóirt – is cóir dóibh comhairle a lorg ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go luath le linn an tseirbhís a fhorbairt agus fógra a chur chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 14 lá roimh an ócáid.

Má tá níos mó ná 15 leanbh ag freastal ar sheirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach, is cóir duine amháin a ainmniú chun teacht agus imeacht na leanaí a sheiceáil.

Seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach, is cóir go mbeadh córas idirchum ar fáil acu le cois teileafóin.

(v) Seirbhís cúraim leanaí

Ní cóir go ndéanfadh cúramóir leanaí (duine a sholáthraíonn seirbhís cúraim leanaí) cúram a thabhairt do bhreis agus 5 leanbh réamhscoile agus a leanaí réamhscoile féin san áireamh.

Ní cóir go mbeidh níos mó ná beirt de na leanaí faoi 15 mhí. Maidir le líon na leanaí faoi 15 mhí, is féidir eisceachtaí a dhéanamh i gcás ilbhreitheanna nó deartháireacha agus deirféaracha.

Nuair atá cúramóir leanaí ag tabhairt cúraim do 6 leanbh réamhscoile agus a leanaí réamhscoile féin san áireamh, nuair a thagann na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006 i bhfeidhm, ní bheidh ar an gcúramóir leanaí an líon dá dtugtar aire a laghdú go 5 go dtí go dtéann an chéad leanbh as an ngrúpa de 6 leanbh réamhscoile ar scoil nó go bhfágann sé/sí an tseirbhís go deonach.

Is cóir go mbeidh teileafón ag cúramóir leanaí agus caithfidh an dara duine a bheith ar fáil chun déileáil le héigeandálaí.

(vi) Seirbhís réamhscoile thar oíche

RAON AOISE	COIBHNEAS AOSACH/LEANAÍ
0-1 bhliain	*1:3*
1-6 bliana	*1:5*

Féach freisin na treoirlínte ar Leathanach 7.

Rialachán 9 BAINISTÍOCHT IOMPRAÍOCHTA

(1) Caithfidh duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile a chinntiú nach dtugtar pionós corpartha do leanbh réamhscoile atá ag freastal na seirbhíse.

(2) Caithfidh duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile a chinntiú nach ndéantar aon chleachtais atá easurramach, táirístithe, dúshaothraitheach, bagrach nó díobhálach ó thaobh na mothúchán de nó faillitheach a imirt ar aon leanbh.

(3) Cinnteoidh duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile go bhfuil polasaithe agus cleachtais i scríbhinn *i bhfeidhm chun déileáil le hiompraíocht dhúshlánach linbh agus chun an iompraíocht a láimhseáil, agus chun cuidiú leis an leanbh a (h)iompraíocht féin a láimhseáil de réir mar is cuí d'aois agus do staid forbartha an linbh.*

Cosaint leanaí

9.(2) Laistigh den chreatlach in *Children First National Guidelines for the Protection and Welfare of Children*, is cóir don tseirbhís réamhscoile treoirlínte soiléire i scríbhinn a fhorbairt chun drochíde ar leanbh a aithint agus a thuairisciú.

Faoi réir Airteagal 2.2. de Choinbhinsiún na NA ar Chearta an Linbh –

Is cóir go measfaidh na seirbhísí cúraim leanaí agus na soláthróirí cúraim leanaí go léir go mbaineann barrthábhacht le leas an linbh.
Is cóir urraim a léiriú agus dínit a riar ar gach leanbh i gcónaí.
Is cóir cearta leanaí a admháil agus a chosaint i gcónaí.
Ní cóir táirísliú nó drochíde a imirt riamh ar leanaí.

Polasaithe agus nósanna imeachta

9.(3) Is cóir Bainistíocht Dhearfacht Iompraíochta a chur isteach i scríbhinn sa doiciméad um polasaí maidir le nósanna imeachta na seirbhíse.

Féach na tagairtí in Aguisín do ‘A Guide to Developing Policies and Procedures in a Childcare Setting’ agus ‘A Guide to Developing Policies and Procedures in an Early Years Setting’.

CUID III

Rialachán 10 FÓGRA LE TABHAIRT AG DUINE ATÁ AG BEARTÚ SEIRBHÍS RÉAMHSCOILE A SHEOLADH

(1) Nuair atá duine ag beartú seirbhís réamshcoile a sheoladh, tabharfaidh an duine sin, 28 lá ar a laghad sula dtosaítear an tseirbhís, fógra i scríbhinn d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

(2 D'ainneoin paragraf (1) laistigh anseo, nuair atá duine ag beartú seirbhís réamhscoile a sheoladh i lárionad buail isteach sealadach, tabharfaidh an duine sin, 14 lá ar a laghad sula dtosaítear an tseirbhís, fógra i scríbhinn d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

(3) Beidh fógra faoi pharagraf (1) nó (2) den Rialachán seo san fhoirm a leagtar amach sa Sceideal leis na Rialacháin seo, nó i bhfoirm a mbeidh an éifeacht chéanna léi, ina mbeidh na sonraí go léir a shainítear san fhoirm sin.

Nós Imeachta um Fhógairt

Duine atá ag beartú seirbhís réamhscoile a fhorbairt, is cóir go lorgódh sé/sí comhairle ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go luath i bhforbairt an tionscadail, ionas go gcinnteofar go gcuirtear san áireamh riachtanais na Rialachán maidir le pleanáil agus le costáil na seirbhíse.

Is é an fógra an nós imeachta a úsáideann duine atá ag beartú seirbhís réamhscoile a sheoladh. Is cóir fógra i scríbhinn a thabhairt d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 28 lá ar a laghad sula dtosaítear an tseirbhís. Is cóir an fógra a thabhairt ar fhoirm atá le fáil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, mar a leagtar síos sa Sceideal leis na Rialacháin seo.

Duine nó eagraíocht atá ag beartú seirbhís cúraim leanaí buail isteach sealadach a chur ar bun le haghaidh leanaí réamhscoile chun riachtanais tuismitheoirí a shásamh nuair a fhreastalaíonn siad ar ócáid, is cóir dóibh comhairle a lorg ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go luath i bhforbairt na seirbhíse agus fógra a thabhairt d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 14 lá sula dtarlaíonn an ócáid.

Cuspóir an fhógra

Ar phríomhchuspóirí an fhógra tá:

- sláinte, sábháilteacht agus leas leanaí réamhscoile a chosaint;
- forbairt leanaí réamhscoile a chur chun cinn;
- comhlíonadh na Rialachán a dhéantar faoi Chuid VII den Acht a chinntiú.

Cuireann an fógra ar chumas Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a dualgas a chomhlíonadh faoi Alt 56(3) den Acht maidir le faisnéis ar sheirbhísí réamhscoile a sholáthar do dhuine leasmhar ar bith.

An toradh ar fhógra a thabhairt

Tar éis an fógra a fháil, cuirfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte admháil air, agus soláthroidh sí faisnéis ábhartha don iarratasóir, agus réiteoidh sí go ndéanfaidh duine údaraithe iniúchadh ar an soláthróir seirbhíse. Is cóir freisin d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a mheas an dteastaíonn comhairle, treoir nó tacaíocht ón soláthróir agus, nuair is cuí, faisnéis nó foinsí eile faisnéise a sholáthar.

Fógra Deonach

Cúramóirí leanaí atá díolmhaithe ó fhorálacha na rialachán seo toisc go bhfuil siad ag déanamh cúraim de thriúr leanaí réamhscoile nó níos lú, no de leanaí réamhscoile le gaolta leo nó de leanaí réamhscoile den chlann chéanna, i dteach cónaithe an chúramóra leanaí féin, is féidir leo úsáid a bhaint as an gcóras deonach fógra agus tacaíochta atá curtha ar bun ag an gCoiste Cúraim Leanaí Cathrach/Contae /Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Nuair a fhaigheann an Coiste Cúraim Leanaí Cathrach/Contae nó Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an fógra deonach, cuirfear na cúramóirí leanaí seo i dteagmháil leis an oifigeach comhairleach áitiúil um chúram leanaí. Ansin beidh siad in ann úsáid a bhaint as faisnéis agus oiliúint ar réimse ábhar, as cuairteanna chun a dtithe chun cabhrú leo an cleachtas is fearr a fhorbairt; agus beidh siad in ann páirt a ghlacadh i líonra áitiúil de chúramóirí leanaí um chúram leanaí agus dul i gcomhairle le heagraíochtaí tacaíochta.

Rialachán 12 LÍON DE LEANAÍ RÉAMHSCOILE AR FÉIDIR RIAR ORTHU

12.(1) Tar éis iniúchadh ar áitreabh, is féidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte moladh a dhéanamh maidir leis an uaslíon de leanaí réamhscoile ar féidir riar orthu san aon am amháin in áitreabh ina bhfuil serbhís réamhscoile á seoladh. Nuair a dhéanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte moladh mar seo, cuirfidh sí san áireamh raon aoise na leanaí réamhscoile, na coibhnis aosach/leanaí, méid an ghrúpa agus an spás do gach leanbh. Cuirfidh an Fheidhmeannacht fógra i scríbhinn chuig an duine atá ag seoladh na seirbhíse maidir leis an moladh agus na fáthanna atá leis agus beidh ráiteas san fhógra gur féidir leis an duine leasmhar aighneacht a chur chuig an bhFeidhmeannacht laistigh de 21 tar éis don duine sin an fógra a fháil.

(2) Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile a fhaigheann fógra faoi pharagraf (2) den Rialachán seo, is féidir leis/léi, laistigh de 21 lá tar éis an fógra a fháil, aighneacht a chur i scríbhinn chuig Príomhfheidhmeannach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus déanfaidh an Príomhfheidhmeannach nó oifigeach sainithe aige/aici:-

(i) sula gcinntear an cheist, aon aighneacht a rinneadh go cuí faoin bparagraf seo maidir leis an moladh a chur san áireamh, agus

(ii) fógra i scríbhinn a chur chuig an duine maidir leis an gcinneadh agus na fáthanna atá leis.

(3) Déanfaidh an duine atá ag seoladh na seirbhíse réamhscoile an cinneadh a luaitear i bparagraf (2) anseo a chomhlíonadh.

(4) Gan dochar don dualgas comhlíonta i bparagraf (3), is féidir leis an duine sin iarratas i scríbhinn a chur chuig Príomhfheidhmeannach Fheidhmeannacht na

Seirbhíse Sláinte am ar bith tar éis an cinneadh i bparagraf (2) a dhéanamh, ag iarraidh go leasófar an cinneadh, ar an ábhar go bhfuil athrú ar na himthosca ba chúis leis an gcinneadh.

(5) Nuair a fhaightear an t-iarratas sin, déanfaidh an Príomhfheidhmeannach nó an tOifigeach atá sainithe aige/aici an aighneacht a mheas, agus déanfar cinneadh an cóir an t-uaslíon a socraíodh a leasú.

(6) Fógrófar an cinneadh a luaitear i bpragraf (5) don duine atá ag seoladh na seirbhíse réamhscoile agus na fáthanna atá leis agus comhlíonfaidh an duine an cinneadh sin.

Líon a shocrú

Tá d'aidhm ag an Rialachán seo plódú i seirbhísí réamhscoile a chosc. Ar mhaithe, go foriomlán, le sábháilteacht agus le seirbhís ardchaighdeáin, is féidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte uaslíon na leanaí i ranganna difirúla seirbhísí réamhscoile a shocrú, ag cur san áireamh raon aoise na leanaí réamhscoile, na coibhnis aosach/leanaí, méid an ghrúpa agus an spás do gach leanbh.

CUID IV

Rialachán 13 CLÁR DE LEANAÍ RÉAMHSCOILE

13.(1) Faoi réir pharagraf (3) den Rialachán seo, duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, coimeádfaidh sé/sí clár agus cuirfidh siad sa chlár na sonraí seo a leanas i dtaobh gach leanbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís:-

(f) ainm agus dáta breithe an linbh réamhscoile,

(g) an chéad dáta ar fhreastail an leanbh réamhscoile ar an tseirbhís,

(h) an dáta ar éirigh an leanbh réamhscoile as freastal ar an tseirbhís,

(i) ainm agus seoladh tuismitheora nó caomhnóra an linbh réamhscoile agus uimhir theileafóin mar ar féidir teagmháil leis an tuismitheoir nó leis an gcaomhnóir sin nó le gaol nó cara leis an leanbh sin le linn uaireanta na seirbhíse,

(j) údarú chun an leanbh réamhscoile a bhailiú,

(f) sonraí faoi aon tinneas, míchumas, ailléirge nó riachtanas speisialta ag leanbh réamhscoile mar aon leis na nótaí go léir a bhaineann le cúram nó aire speisialta

(j) ainm agus uimhir theileafóin dochtúir teaghlaigh an linbh réamhscoile,

(k) taifead imdhíontaí, más ann doibh, a tugadh don leanbh réamhscoile, agus

(l) cead tuismitheora i scríbhinn le haghaidh cóireáil chuí dochtúra i gcás éigeandála.

(2) Beidh an clár ar oscailt le haghaidh iniúchadh san áitreabh ag:-

(d) tuismitheoir nó caomhnóir an linbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís ach maidir le faisnéis sa chlár i dtaobh an linbh sin amháin,

(e) duine atá ag obair sa tseirbhís réamhscoile atá údaraithe chuige sin ag an duine atá af seoladh na seirbhíse, agus

(f) duine údaraithe.

(3) Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach nó i lárionad buail isteach sealadach, cuirfidh sé/sí sa chlár na sonraí a luaitear i bparagraf (1) den Rialachán seo, seachas fo-pharagraif (b), (c), (g), (h) agus (i).

Uasdátú an chláir

13.(1) Caithfear an fhaisnéis sa chár a uasdátú ar bhonn leanúnach.

Ceisteanna leighis

13 (f), (g) agus (i). Féach freisin Rialachán 7 agus Treoir Mhínithe maidir le Cúnamh Leighis.

Rialachán 14 TAIFID

14.(1) Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, coimeádfaidh sé/sí taifead i scríbhinn den fhaisnéis seo a leanas i dtaobh na seirbhíse -

(l) ainm, post, cáilíochtaí agus taithí an duine atá i gceannas agus mar an gcéanna i gcás gach duine eile atá ag obair sa tseirbhís, agus saorálaithe agus mic léinn san áireamh,

(m) gach faisnéis a eascraíonn faoi Rialachán 8 (2),

(n) sonraí i dtaobh uaslíon na leanaí réamhscoile a riartar orthu ag aon am amháin ar bith,

(o) sonraí i dtaobh an chineáil seirbhíse agus raon aoise an ghrúpa,

(p) sonraí i dtaobh na gcoibhneas aosach/leanaí sa tseirbhís,

(q) *an cineál cúraim nó cláir a sholáthraítear sa tseirbhís,*

(r) na háiseanna atá ar fáil,

(s) na huaireanta oscailte agus na táillí,

(t) polasaithe agus nósanna imeachta na seirbhíse,

(u) sonraí freastail gach linbh réamhscoile ar bhonn laethúil,

(v) sonraí uainchláir na foirne ar bhonn laethúil,

(l) sonraí i dtaobh aon mhíochaine a tugadh do leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís agus cead sínithe an tuismitheora, agus

(m) sonraí i dtaobh aon timpiste, díobáil nó eachtra a bhain le leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.

(2) Beidh an taifead a luaitear i bparagraf (1) agus an doiciméadachas agus na taifid a luaitear i bParagraf (5) den Rialachán seo ar oscailt le haghaidh iniúchadh san áitreabh ag duine údaraithe.

(3) Seachas an fhaisnéis a choimeádtar sa taifead faoi Rialachán 14(1)(b) beidh an taifead a luaitear i bparagraf (1) den Rialachán seo ar oscailt le haghaidh iniúchadh san áitreabh ag tuismitheoir nó ag caomhnóir linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ach maidir leis an bhfaisnéis sa chlár i dtaobh an linbh sin amháin.

(4) Chun críocha an tseirbhís réamhscoile a fheidhmiú, beidh an taifead a luaitear i bparagraf (1), cés moite den fhaisnéis a choimeádtar faoi Rialachán 14(1)(b), ar oscailt le haghaidh iniúchadh san áitreabh ag duine atá ag obair sa tseirbhís agus atá údaraithe chuige sin ag an duine atá ag seoladh na seirbhíse.

(5) Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, coimeádfaidh sé/sí na doiciméid agus na taifid go léir a bhaineann le teistiméireachtaí agus le seiceáil Gharda agus phóilíneachta a fhaightear faoi Rialachán 8(2).

Uasdátú agus stóráil taifead

14.(1) Is cóir an fhaisnéis seo a uasdátú go leanúnach. B'fhéidir gur mian le soláthróirí comhairle dlí a fháil maidir le cé chomh fada is cóir na taifid a choinneáil.

Glanadh ón nGarda

14.(1)(b) Iniúchfar taifid ghlanta ón nGarda a luaithe is atá nósanna imeachta i bhfeidhm chun seiceáil a chur ar fáil ó Aonad Seiceála an Gharda. Féach freisin an Treoir Mhínithe ar Rialachán 8(2) agus (3) ar Bhainistíocht agus ar Sholáthar Foirne.

Cláir oibre

14.(1)(f) Is cóir do sholáthróirí seirbhíse taifead de chláir oibre, de ghníomhachtaí agus de dheiseanna a fhorbairt agus a choimeád, ina sainaithnítear aois, acmhainn chun spreagtha, eispéireas agus foghlaim gach linbh aonair. Féach freisin an Treoir Mhínithe ar Rialachán 5 agus Treoir Mhínithe ar Rialachán 25 ag (iv).

Amanta tagtha agus imeachta

14.(1)(j) Is cóir taifead a choimeád d'am tagtha agus imeachta gach linbh.

14.(1)(k) Is cóir taifead d'am tagtha agus imeachta agus d'amanta sosa chun béile gach ball foirne a choimeád.

Taifid de mhíochainí a riartar

14.(1)(l) Féach freisin an Treoir Mhínithe ar Rialachán maidir le Míochain a Riar.

Taifid de thimpistí

14.(1)(m) Is cóir taifead a choimeád de gach timpiste dá laghad, agus an tuismitheoir a chur ar an eolas.

Rialachán 16 BEARTA SÁBHÁILTEACHTA IN AGHAIDH DÓITEÁIN

(1) Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, coimeádadh sé/sí taifead i scríbhinn ar -

(a) na druileanna dóiteáin go léir a reachtáiltear san áitreabh, agus

(b) taifead den líon, den chineál agus den chothabháil maidir le trealamh dóiteáin agus aláraim deataigh san áitreabh.

(2) Beidh an taifead a luaitear i bparagraf (1) den rialachán seo ar oscailt lena iniúchadh ag:-

(d) tuismitheoir nó caomhnóir linbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís nó ag beartú freastal uirthi,

(e) gach duine atá ag obair sa tseirbhís, agus

(f) duine údaraithe.

(3) Cuirfear ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh fógra de na nósanna imeachta a leanfar i gcás dóiteáin.

Taifid de na nósanna imeachta i gcás dóiteáin

16.(1) agus (3) Iniúchfar taifid na nósanna imeachta dóiteáin ag oifigeach atú údaraithe faoi na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) 2006. Níl sé le tuiscint

gur leor comhlíonadh na riachtanas seo amháin i leith na dtaifead chun riachtanais na seirbhíse maidir le sábháilteacht dóiteáin a chomhlíonadh.

Riachtanais eile um shábháilteacht in aghaidh dóiteáin

Tá an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil tar éir Treoir a fhoilsiú, "Fire Safety in Pre-Schools" a bhfuil de chuspóir aige cabhrú le daoine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile a gcuid dualgas reachtúil maidir le sábháilteacht dóiteáin faoin Acht um Sheirbhísí Dóiteáin 1981 a chomhlíonadh. Féach freisin an Cód Cleachtais maidir le Troscán agus Feistis i Láithreacha Tionóil (*Code of Practice for Fire Safety of Furnishings and Fittings in Places of Assembly*) leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil).

Is féidir le daoine atá údaraithe ag údaráis dóiteáin faoin Acht um Sheirbhísí Dóiteáin 1981 dul isteach agus iniúchadh a dhéanamh ar áitribh a úsáidtear mar réamhscoileanna d'fhonn a chinntiú go bhfuil forálacha an Achta sin á gcomhlíonadh.

Is féidir comhairle maidir le ceisteanna um shábháilteacht dóiteáin a iarraidh ón údarás dóiteáin don cheantar ina bhfuil an t-áitreabh nó ó shaineolaí garimiúil um shábháilteacht dóiteáin, e.g. innealtóir nó ailtire le hinniúlacht i gcúrsaí sábhailteachta doiteáin.

Rialachán 17 CÓIP DEN ACHT AGUS DE NA RIALACHÁIN

Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, coimeádfaidh sé/sí cóip de Chuid VII den Acht um Chúram Leanaí 1999 agus de na Rialacháin seo san áitreabh agus beidh na cóipeanna réamhráite seo ar fáil lena n-iniúchadh ach iad a iarraidh ag:-

(d) tuismitheoir nó caomhnóir linbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís nó ag beartú freastal uirthi,

(e) gach duine atá ag obair sa tseirbhís, agus

(f) duine údaraithe.

Tá Cuid VII den Acht um Chúram Leanaí 1991 ag Aguisín D.

Cuid V

Rialachán 18 ÁITREABH AGUS ÁISEANNA

Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí -

(a) go bhfuil struchtúr an áitribh slán seasmhach, sábháilte agus daingnithe agus oiriúnach le haghaidh seirbhís réamhscoile a sholáthar,

(b) go gcuirtear dóthain spáis ar fáil san áitreabh le haghaidh gach leanbh,

(c) go gcoimeádtar an t-áitreabh, na ceangaltáin agus na fearais i gcóir mhaith chuí, agus go bhfuil siad i riocht glan sláinteach agus cosaint acu ó inmhíolú,

(d) go bhfuil áiseanna oiriúnacha daingne stórála ar fáil le haghaidh ceimicí glantóireachta, agus le haghaidh ábhair, substaintí nó trealamh atá baolach, tocsaineach, dainséarach nó guaiseach,

(e) go bhfuil áit shásúil oiriúnach stórála ar fáil le haghaidh pramanna, bugaithe linbh, cliabháin iompair, trealamh súgartha agus giúirléidí pearsanta, agus

(f) go bhfuil an t-áitreabh daingean go maith in aghaidh creimirí ar bhealach nach gcuireann sábháilteacht an linbh réamhscoile i mbaol nó go bhfuil sé tógtha ar chaoi a choisceann creimírí ó theacht isteach.

An timpeallacht fhisiciúil

18.(a) Maidir le dearadh, leagan amach agus timpeallacht fhisiciúil áitribh réamhscoile, tá feidhm chinntitheach acu sin maidir le seirbhís cúraim leanaí d'ardchaighdeán a sholáthar.

Is cóir go mbeadh an t-aitreabh fabhrach chun riachtanais leanaí óga a shásamh agus é eagartha chun a sábháilteacht a chinntiú – agus socruithe san áireamh chun leanaí i ngluaisteáin a fhágáil agus a bhailiú ag an áis réamhscoile. Is cóir cúram a dhéanamh den sreabhadh leanaí agus aosach san fhoirgneamh, agus aird a thabhairt ar na bealaí chun na leithreas agus chun na spásanna súgartha lasmuigh. Is féidir le cúrsaí iontrála tionchar a imirt ar an tseirbhís ó thaobh cur isteach de agus d'fhéadfadh eachtraí/timpistí ó thaobh sláinte agus sábhailteacht tarlú dá bharr.

Faoi na Rialacháin Tógála 1997-2006, éilítear go ndéantar soláthar sásúil le haghaidh iontráil shábháilte neamhspleách chuig foirgnimh nua neamhchónaithe agus chuig ionaid fostaíochta agus fóillíochta. Ó 1 Eanáir 2001, caithfidh gach teach cónaithe nua bheith inrochtana ag daoine le míchumais.

Féach foilseacháin na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil:

- Building Regulations, 1997 – I.R. Uimh. 496 de 1997 agus
- Building Regulations (Amendment) Regulations, 2000 – I.R. Uimh. 179 de 2000
- Technical Guidance Document M (2000) – (Access for People with Disabilities)

Childcare Facilities – Guidelines for planning authorities (Meitheamh 2001)

Féach freisin an Treoir Mhínithe ar Rialachán 27 maidir le Bearta Sábháilteachta.

Is cóir go mbeadh an timpeallacht go croíúil fáilteach roimh leanaí agus a muintir agus na baill foirne. Is cóir go mbeadh sé slán sábháilte le dea-eagar ar an spás, agus é in oiriúint chuí chun foghlaim agus forbairt na leanaí a chur chun cinn.

Seachas na gcúramóirí leanaí, is cóir nach n-úsáidfí na seomraí réamhscoile san áitreabh le linn na n-uaireanta oibre ach le haghaidh na háise réamhscoile amháin.

Coibhnis spáis

18.(b) Is iad mar a leanas na hachair atá molta maidir le "dóthain" spáis:

- Seirbhís cúraim lánlae

Aois an linbh	Achar urláir in aghaidh an linbh
0-1 bhliain	3.5 méadar cearnach
1-2 bhliain	2.8 méadar cearnach
2-3 bliana	2.35 méadar cearnach
3-6 bliana	2.3 méadar cearnach

- Seirbhís cúraim páirtlae

Aois an linbh	*Achar urláir in aghaidh an linbh*
0-1 bhliain	3.5 méadar cearnach
1-2 bhliain	2.8 méadar cearnach
2-3 bliana	2.35 méadar cearnach
3-6 bliana	2.3 méadar cearnach

- Seirbhís sheisiúnach réamhscoile

Aois an linbh	Achar urláir in aghaidh an linbh
0-6 bliana	2 méadar cearnach

- Seirbhís sheisiúnach réamhscoile i lárionad buail isteach

Aois an Linbh	*Achar urláir in aghaidh an linbh*
0-6 bliana	2 méadar cearnach

Baineann na riachtanais a leagtar amach thuas le spás 'bán' urláir le haghaidh gach linbh. Ciallaíonn spás bán an spás sin atá ar fáil le haghaidh obair, súgradh agus gluaiseacht na leanaí, agus é saor ó throscán nach dteastaíonn le haghaidh riachtanais an linbh, agus ó fheistis bhuana. Meastar mar achair ar leithligh achair mar

chistineacha, leithris, achair chodlata agus achair chúntacha eile. Is cóir an spás foriomlán go huile a mheas nuair a áirítear riachtanais spáis do leanaí sa tseirbhís. Is cóir plódú in aon achar a sheachaint.

(Féach an Treoir Mhínithe ar Rialachán 28 maidir le hachair chodlata a chuirtear i seomra na naíonán).

Áiseanna níocháin

18.(c) Is cóir áiseanna níocháin ar leith a sholáthar le haghaidh cúraim lánlae agus páirtlae, nó socruithe sásúla a dhéanamh chun córacha leapa, tuáillí, etc., a ní. Nuair a chuirtear áiseanna níocháin ar fáil ar an láthair, níl cead isteach iontu ag leanaí. I seirbhís cúraim leanaí, ní cóir obair níocháin a dhéanamh sa chistin nuair atá bia á ullmhú nó á dháileadh.

Áiseanna stórála, cruinnithe agus suaimhnis

18.(e) Is cóir go mbeadh spás sásúil sábháilte ar leith chun stórála, nach bhfuil teacht ag leanaí air. Is cóir spás sásúil stórála a sholáthar le haghaidh giúirléidí pearsanta na foirne angus na leanaí. Is cóir go mbeadh spás sásúil san áitreabh chun faisnéis agus taifid faoi rún a stóráil go daingean, mar ar féidir le baill foirne labhairt faoi rún le tuismitheoirí agus ar féidir leis an bhfoireann sos a ghlacadh, de réir mar is cuí.

Díonú in aghaidh creimirí

18(f) Is cóir díonú in aghaidh creimirí ar bhealach nach gcuireann sábháilteacht na leanaí i mbaol, go háirithe i dtaca le haon bheart a bhaineann le nimh nó gaistí a chur síos.

Rialachán 19 TÉAMH

Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí:-

(b) go mbíonn teas sásúil ar fud an áitribh le cóir oiriúnach teasa ó am áitithe an áitribh go dtí deireadh an áitithe, agus aird á tabhairt do riachtanais na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís,

(b) ní ceadaítear córas teasa a bhfuil de bhaol ann go n-astóidh sé gásanna nó múch nó bolaithe atá bréan nó díobhálach.

Téamh seomraí

19(a) Is cóir seomraí a théamh laistigh de raon compordach de réir aois agus chumas gluaiseachta na leanaí agus de réir mar a bhíonn an aimsir. Féach *Caring for Your Child – ISIDA* maidir le timpeallacht codlata naíonán.

19(b) Féach Aguisín G maidir le Sábháilteacht Gáis agus Leictreachais.

Rialachán 20 AERÚ (AERÁIL)

Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go bhfuil cóir oiriúnach sásúil aeraithe á soláthar san áitreabh.

Aerú

Leagtar amach caighdeáin maidir le haerú i gCuid F den Dara Sceideal leis na Rialacháin Tógála 1997 – 2006. Sa doiciméad a ghabhann leo, Doiciméad F um Threoir Theicniúil (Aerú), tugtar treoir ar conas na rialacháin seo a chomhlíonadh. I gcás áis réamhscoile, cuimsíonn seomraí ináitithe, laistigh de shainmhíniú na Rialachán Tógála, seomraí súgartha, seomraí codlata, seomraí ranga, seomraí gníomhaíochtaí agus seomraí eile den chineál sin.

Rialachán 21 SOILSIÚ

Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go soláthraítear solas sásúil oiriúnach san áitreabh.

Soilsiú – cineál agus sábháilteacht

Cinnteoidh an soláthróir seirbhíse réamhscoile go soláthraítear bealaí sásúla oiriúnacha chun solas nádúrtha a chur ar fáil, maille le soilsiú saorga sábháilte oiriúnach nuair is gá. Is cóir idirleatháin do-bhriste nó bealach sábháilte cosanta soilsiúcháin eile a úsáid.

Rialachán 22 CÓIRÍOCHT SLÁINTÍOCHTA

Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go bhfuil áiseanna sásúla oiriúnacha sláintíochta ar fáil laistigh den fhoirgneamh.

Áiseanna sláintíochta

Moltar go gcuirfí na háiseanna seo a leanas ar fáil:-

(i) áiseanna sásúla oiriúnacha sláintíocha chun malairt clúidíní a dhéanamh,

(ii) áiseanna leithris ar leith le haghaidh aosaigh nuair is gá,

(iii) líon sásúil de bháisíní lámh le huisce reatha fuar, agus uisce reatha te faoi réir teirmeastait, le gallúnach agus le caoi oiriúnach tiormaithe lámh ag an gcóiríocht sláintíochta agus malairte clúidíní, nó i ngar di,

(iv) ní cóir go mbeadh aon oscailt nó aon bhealach go díreach idir an gcóiríocht sláintíochta nó an áit malairte clúidíní agus aon seomra áitithe nó seomra bia, ach trí halla, trí dhorchla, trí fhorsheomra aeraithe nó trí spás aeraithe.

Féach an Doiciméad um Threoir Theicniúil - G (Sláinteachas) de na Rialacháin Tógála 1997, (BS 6465, *Sanitary Installations, Part 1*: 1994) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sláinteachas Bia-ábhar) 2000, & Rialacháin um Shláinteachas Bia, 1950/89.

(v) áiseanna sásúla oiriúnacha chun clúidíní salacha a stóráil agus a dhiúscairt go sábháilte sláinteach, agus

(vi) is cóir cithfholcadh/folcadh/áis níocháin le huisce te faoi réir teirmeastait a sholáthar in ionad sainithe i seirbhísí cúraim lánlae chun éadaí salacha a shruthlú.

Maidir le paragraf (ii) agus (iii) thuas, is iad na coibhnis a mholtar:

Líon Daoine	Clóiséid Uisce (leithreas)	Báisíní Lámh
Le haghaidh gach 10 leanbh a úsáideann leithreas	1	1
Le haghaidh gach 8 aosach	1	1

Maidir le paragraf (iii) thuas féach freisin Rialachán 27(a) agus Aguisín G maidir le Sábháilteacht Gháis agus Leictreachais.

Rialachán 24. STÓRÁIL AGUS DIÚSCAIRT DRAMHAÍOLA

Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go stóráiltear gach cinéal dramhaíola agus fuíollábhair eile go sláinteach agus go ndiúscraítear é go minic ar bhealach nach ndéanfaidh núis.

Caithfear gach cineál dramhaíola agus fuíollábhair eile a stóráil go sláinteach agus é a dhiúscairt é go minic ar bhealach nach ndéanfaidh núis.

Stóráil dramhaíola

Is cóir dramhaíl a stóráil in áit nach mbeidh inrochtana ag leanaí.

Rialachán 25 TREALAMH AGUS ÁBHAIR

25. Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí
(c) go bhfuil dóthain troscáin agus trealaimh agus ábhar súgartha agus oibre ann, agus go bhfuil an troscán sin agus an trealamh sin agus na hábhair sin go hoiriúnach neamh-thocsaineach, i gceart agus i gcóir, agus go gcoimeádtar iad i riocht glan sláinteach, agus
(d) go bhfuil soláthar sásúil de chóracha glana leapa, de thuáillí agus d'éadaí breise le haghaidh na leanaí réamhscoile.

25(a) Troscán, trealamh agus ábhair

(i) Is cóir don soláthróir a chinntiú go gcuirtear dóthain troscáin, trealaimh agus ábhar shúgartha is oibre ar fáil, agus go bhfuil siad oiriúnach dá ngnó agus go gcuidíonn siad le timpeallacht inrochtana, dhúshlánach agus spreagúil a chruthú. Is cóir go mbeidh siad de dhearadh agus de riocht oiriúnach, i ndea-ord, agus de réir na gcaighdeán sábháilteachta cuí. Is cóir go n-oirfidh siad d'aois na leanaí agus dá leibhéil forbartha.

(ii) Cinnteoidh an soláthróir seirbhíse dóthain troscáin agus bord ar cóimhéid leanaí ionas gur féidir le grúpaí leanaí súgradh agus ithe le chéile.

(iii) Caithfidh an troscán agus an trealamh oibre bheith i gceart is i gcóir, caithfear iad a sheiceáil go rialta le lochtanna agus fabhtanna a aimsiú agus iad a dheisiú nó cinn nua a fháil ina n-ionad faoi mar is gá. Caithfear an t-ábhar eile go léir a sholáthar agus a mhaoirsiú de réir an dea-chleachtais agus fhealsúnacht agus aetas na seirbhíse.

(iv) Is cóir fealsúnacht agus aetas gach seirbhíse a chur san áireamh, agus urraim a thabhairt do na sainábhair a úsáidtear le haghaidh fhorbairt an linbh laistigh den timpeallacht sin, faoi réir an dea-chleachtais aitheanta, agus baol sábháilteachta don leanbh a sheachaint. Féach freisin Rialachán 5 agus an Treoir Mhínithe leis agus an Treoir Mhínithe ar Rialachán 14(1)(f).

25(b) Sláinteachas

(v) Is cóir socruithe a dhéanamh ionas go mbeidh dóthain córacha leapa, tuáillí agus éadaí breise ar fáil faoi mar is gá. Is cóir nithe salaithe a stóráil in áit oiriúnach shainithe nach bhfuil inrochtana ag leanaí. Féach freisin paragraif (v) agus (vi) den Treoir Mhínithe ar Rialachán 23.

(vi) Is cóir clár glantóireachta a chur i bhfeidhm agus freisin sceideal glantóireachta le haghaidh troscán agus trealamh oibre agus súgartha. Tá foirmeacha samplacha chun glantóireacht a thaifeadú in Aguisíní E agus F.

Rialachán 26 BIA AGUS DEOCH

26.(1) Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go bhfuil dóthain bia atá oiriúnach cothaitheach éagsúil ar fáil le haghaidh leanaí réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís

(2) Nuair a chaitheann leanbh réamhscoile bia san áitreabh, cinnteoidh an duine atá ag seoladh na seirbhíse réamhscoile: -

(c) go soláthraítear dóthain áiseanna oiriúnacha chun an bia a stóráil, a ullmhú, a bhruith, agus a dháileadh, agus

(d) go soláthraítear dóthain gréithre oiriúnacha agus dóthain áiseanna oiriúnacha chun lámha agus soithí a ní, agus le haghaidh steirilithe.

(3) Tá an rialachán seo gan dochar do

(a) fhorálacha an Achta Sláinte 1947 agus do na rialacháin a dhéantar de bhun an Achta sin

(b) fhorálacha Acht Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 1998, agus

(c) aon reachtaíocht thánaisteach a dhéantar de bhun Acht na gComhphobal Eorpach 1972 a bhaineann le sábhailteacht bhia.

Sábháilteacht Bhia

(i) Fearacht oibríochtaí eile bia, tá réamhscoileanna faoi réir fhorálacha na Rialachán um Shláinteachas Bia 1950-89, agus Rialachán na gComhphobal Eorpach (Sláinteachas Bia-ábhar) 2000 (I.R. Uimh. 165 de 2000). Faoin reachtaíocht seo foráiltear ar oibritheoirí bia feidhmiú ar bhealach sláinteach, cloí le caighdeáin sonraithe sláinteachais struchtúraigh agus oibríoch, baill foirne a oiliúint agus a mhaoirsiú maidir le sábháilteacht bhia, agus córas bainistíochta um shábháilteacht bhia a fhorbairt atá bunaithe ar *Hazard Analysis Critical Control Point (HACCP*). I dtaca leis sin féach Aguisín A.

(ii) Chun tacú le feidhmiú na reachtaíochta seo, forbraíodh roinnt treoracha san earnáil náisiúnta ar dhea-chleachtas sláinteachais mar chabhair d'oibritheoirí bia cloí le forálacha na rialachán a luaitear ag (1) thuas. Is cóir do sholáthróirí seirbhíse réamhscoile aird a thabhairt ar fhorálacha I.R., 340 An Sláinteachas san Earnáil Lónadóireachta (*Hygiene in the Catering Sector*), nó I.R., 344 Treoir ar Dhea-Chleachtais Sláinteachais in Áitribh Theaghlaigh (*Guide to Good Hygiene Practices in domestic Premises*). Tá treoir um shábháilteacht bhia ar fáil ó Roinn Sláinte Chomhshaoil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó ó www.fsai.ie .

(iii) Is féidir bia a bhruith san áitreabh nó tig le leanaí lón pacáilte a thabhairt leo agus béilí bruite a bheidh, b'fhéidir, le hatéamh san áireamh. Má sholáthraíonn an duine atá ag seoladh na seirbhíse réamhscoile an bia, caithfear é a ullmhú san áitreabh nó é a cheannach ó sholáthróir a bhfuil a (h)áitreabh arna chlárú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Caithfear gach cineál bia atá inmhillte a stóráil faoi chuisne chuí de réir mar is gá.

Bia agus cothú do leanaí

(iv) Caithfidh an soláthróir réamhscoile a chinntiú go gcuirtear riar a gcáis de bhia agus de dheochanna ar fáil go rialta do leanaí, i gcomhairle lena dtuismitheoirí i gcás amhrais. Ní foláir don bhia bheith cothaitheach agus aird a thabhairt ar na Treoirlínte um Bia agus Cothú do Sheirbhísí Réamhscoile a d'ullmhaigh an Roinn Sláinte & Leanaí. Caitheann leanaí méideanna difriúla ama i seirbhísí cúraim lae agus mar sin

bíonn méideanna difriúla béile ann. Is mar a leanas a chomhairlítear sna Treoirlínte um Bia agus Chothú do Sheirbísí Réamhscoile:

Leanaí atá i gcúram lae ar feadh breis is 5 uair a chloig sa seisiún (cúram lánlae)
Tairg dhá bhéile agus dhá scroid ar a laghad, mar shampla – bricfeasta, scroid, lón, scroid. Is cóir gur béile te ceann amháin de na béilí. Má tá leanaí ann ar feadh lá fada, b'féidir go mbeidh gá le béile tráthnóna nó oíche a sholáthar.

Mura n-itear an príomhbhéile nó mura mbíonn sé ar fáil ar chúis éigin, cinntigh go gcuirtear na tuismitheoirí ar an eolas ionas gur féidir leo béilí oiriúnacha a thairiscint sa bhaile.

Leanaí atá i gcúram lae ar feadh cúig uair a chloig ar a mhéad sa seisiún (cúram páirtlae)
Tairg dhá bhéile agus scroid amháin ar a laghad – mar shampla, bricfeasta, scroid agus lón. Ní gá béile te; ach is cóir go mbeadh dáileadh amháin ó gach seilf bia sa phirimid bhia.

Leanaí i gcúram lae ar feadh 3.5 uair a chloig ar a mhéad sa seisiún (seirbhís sheisiúnach réamhscoile)
Tairg béile amháin agus scroid amháin – mar shampla, scroid agus lón nó bricfeasta agus scroid.

(v) Is cóir go mbeidh uisce inólta ar fáil ag na leanaí i gcónaí.

Rialachán 27 BEARTA SÁBHÁILTEACHTA

Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, déanfaidh sé/sí gach beart réasúnta chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís a chaomhnú agus go háirithe cinnteoidh sé/sí:-

(a) go bhfuil feisteas cosanta seasta ar gach dromchla a scéitheann teas nó go bhfuil sé faoi réir teirmeastait chun teocht shábháilte ar an domchla a dheimhniú,

(b) go bhfuil uisce te a chuirtear ar fáil lena úsáid ag leanbh réamhscoile faoi réir teirmeastait chun teocht shábháilte a dheimhniú,

(c) go bhfuil fál timpeall aon ghairdín nó áit shúgartha sheachtrach agus go bhfuil daingniú ar na doirse agus ar na geataí ionas nach mbeidh leanbh réamhscoile in ann rochtain gan mhaoirsiú ar bhóthar nó ar fhoinse eile dainséir, agus ionas nach féidir rochtain nó teacht isteach neamhúdaraithe ar an ngairdín nó ar an áit shúgartha sheachtrach,

(d) go bhfuil fál timpeall linnte, poll agus guaiseanna eile in aon ghairdín nó in aon áit shúgartha sheachtrach sa chaoi go gcosnaítear sábháilteacht aon linbh atá ag freastal ar an tseirbhís,

(e) go gcuirtear bearta i gcrích chun cosc a chur ar ionfhabhtú a scaipeadh,

(f) go bhfuil nósanna imeachta feidhmitheacha i bhfeidhm chun turais a riar go sábháilte agus go bhfuil tionlacan sábháilte ag leanaí réamhscoile ar gach turas.

Sábhailteacht na bhfearas téimh

27(a) Caithfear gach fearas téimh suite , e.g. radaitheoirí agus téitheoirí stórála, a chosaint le feisteas cosanta nó a bheith faoi réir teirmeastait. Nuair a chuirtear fearais téimh aonair ar fáil, is cóir go mbeidh siad de chineál nach bhfuil lasair iontu nó eilimint téimh iontu a dh'fhéadfadh bheith ina gcúis adhainte tine. Caithfear iad seo go léir a chosaint le fearas cosanta no bheith faoi réir teirmeastait. Féach Aguisín G maidir le Sábháilteacht Gáis agus leictreachais.

Sábháilteacht uisce the
27(b) Féach Aguisín G maidir le Sábháilteacht Gáis agus Leictreachais.

Cosc ar ionfhabhtú a scaipeadh

27(e) Féach Aguisín G maidir le: Smacht ar Ghalair Ionfhabhtaíocha, Bearta Coisctheacha agus Gníomhú Ceartaitheach má bhriseann galar ionfhabhtaíoch amach.

Féach freisin an bhileog dar teideal *E.coli – Protecting the Children in Your Care* - (Údarás Sábháilteachta Bia na Éireann)

Leanaí a choinneáil slán sabháilte
(i) Bíonn an-fhuinneamh fisiciúil agus fonn gníomhaíochta ag leanaí, na lapadáin go háirithe, agus ní léir dóibh na dainséir fhéideartha a bhíonn thart timpeall orthu. Is féidir leis na rudaí beaga (na naíonáin agus na lapadáin) bheith i mbaol a ngonta go héasca, agus ní mór an-chúram a thabhairt chun a sláinte agus a sábháilteacht a chinntiú trína ndíonú oiread is féidir ar easláinte agus díobháil. Is cóir go mbeidh teorainneacha soiléire seasmhacha ag soláthróirí réamhscoile, ach iad réasúnta dúshlánach san am céanna. Is cóir go mbeidh tuiscint ag an bhfoireann go léir ar na riachtanais sláinte agus sábháilteachta ata ina dtimpeallacht oibre. Féach *Play it Safe* agus *Keeping Your Baby Safe* (An tAonad um Chur Chun Cinn na Sláinte).

(ii) Is cóir don soláthróir a chinntiú gur den íosmhéid na guaiseanna a bhíonn roimh leanaí san áitreabh, laistigh agus lasmuigh. Liostaítear roinnt réimsí ar cóir aird a dhíriú orthu in Aguisín G.

Rialachán 28 ÁISEANNA SUAIMHNIS AGUS SÚGARTHA

Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí:-

> *(a) go bhfuil áiseanna oiriúnacha ar fáil do leanbh réamhscoile chun suaimhneas a ghlacadh de lá agus d'oíche (má sholáthraítear seirbhís réamhscoile thar oíche), agus*
>
> *(b) go bhfuil dóthain áiseanna oiriúnacha ar fáil do leanbh réamhscoile chun súgradh laistigh agus lasmuigh i rith an lae, ag cur san áireamh líon na leanaí réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís, a n-aois agus an méid ama a chaitheann siad san áitreabh.*

Díríonn paragraf (a) go príomha ar leanaí atá ag freastal ar seirbhísí cúraim lánlae agus ar seirbhísí réamhscoile thar oíche, agus d'fhéadfadh go mbainfeadh sé le leanaí atá faoi chúram i seirbhísí cúraim lae páirtlae nó le leanaí atá faoi chúram i seirbhísí réamhscoile i lárionaid buail isteach nó i lárionaid buail isteach shealadacha. Cé go riarann seirbhísí réamhscoile seisiúnacha de ghnáth ar leanaí ó 3 go 6 bliana d'aois,

d’fhéadfadh go mbainfeadh an Rialachán seo le seirbhísí seisiúnacha a riarann ar leanaí níos óige.

Áiseanna Codlata:

Seirbhísí cúraim lae

Moltar, mar idéal, go mbeadh áiseanna codlata ag naíonáin agus leanaí faoi dhá bhliain d’aois in áit atá ar shiúl ón ionad ginearálta súgartha.
Má tá an t-ionad codlata do naíonáin agus leanaí faoi dhá bhliain d’aois i seomra na naíonán, ansin beidh toisí spáis go foriomlán de 4.2 méadar cearnach in aghaidh an linbh ag an seomra sin. Is cóir go mbeidh an t-ionad codlata i mball atá ar shiúl ó imeachtaí eile. Is cóir go mbeidh áiseanna íslithe soilse nó cosctha solais fuinneoige ann. Is cóir atmaisféar ciúin suaimhneach a chothú ann ar mhaithe le codladh na leanaí. Ní cóir an treoirlíne seo a mheabhrú ach nuair nach bhfuil i gceist ach seisear leanaí nó líon níos lú; i gcásanna eile is gá ionad codlata ar leith a sholáthar atá ar shiúl ón ionad ginearálta súgartha.

Cé gur rud inmhianaithe é go mbeadh a c(h)liabhán féin ag gach leanbh, b’fhéidir nach mbeidh sin indéanta i gcónaí. Mar sin is cóir dóthain éadaí leapa a bheith ar fáil chun a chinntiú go mbíonn a línéadach féin ag gach leanbh. I gcás leanaí os cionn 2 bhliain d’aois a úsáideann mataí codlata, is cóir línéadach do gach duine aonair acu a sholáthar. Is cóir cuntas a choinneáil ar na hathruithe línéadaigh. Ní oireann toilg, málaí pónairí nó bugaithe chun codladh do leanaí.

Seirbhísí réamhscoile thar oíche

Féach freisin na treoirlínte ar sheirbhísí réamhscoile thar oíche ar Leathanach 7.

Seiceáil ar naíonáin atá ina gcodladh

Is gá seiceáil rialta a dhéanamh ar leanaí atá ina gcodladh agus is gá go mbeidh nósanna imeachta agus rótaí i bhfeidhm.

Is cóir go gcuirfear na rudaí seo a leanas san áireamh sna nósanna imeachta agus sna rótaí:

- Cé a dhéanfaidh seiceáil ar an leanbh/na leanaí,
- Conas mar a dhéanfar an tseiceáil, i.e., is cóir measúnú a dhéanamh ar shuíomh colainne an linbh agus an bhfuil an leanbh ag análú nó nach bhfuil – b’fheidir nach leor fearais mhonatóireachta codlata iontu féin.
- Cé chomh minic a dhéanfar an tseiceáil – cuir an róta monatóireachta codlata san áireamh,
- Conas a dhéanfar taifead ar an bhfaisnéis,
- Conas mar a roinnfear faisnéis leis na tuismitheoirí,
- Freagracht as aon achar nó ionad codlata a chur san áireamh nuair a roinntear dualgais ar an bhfoireann.

(Féach an bhileog '*Caring for your Child*' (bileog chomhairleach maidir le suímh chodlata) leis an Irish Sudden Infant Death Association (ISIDA).

Achar Súgartha Lasmuigh

Leánaí atá i seirbhísí cúraim páirtlae nó lánlae, is cóir go mbeadh deis acu bheith amuigh faoin aer go laethúil, má oireann an aimsir.

Féach Rialachán 27 ar Bhearta Sábháilteachta agus Aguisín G den Treoir Mhínithe ar Rialachán 27 maidir le Slándáil agus Rochtain agus Ionad Súgartha faoin Aer.

Cuid VI

Rialachán 30 ÁRACHAS

Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go bhfuil dóthain árachais ar na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís in aghaidh díobhála nuair atá siad ag freastal ar an tseirbhís.

Cumhdach árachais

Is den riachtanas bunúsach é faoi na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006 go mbeidh dóthain cumhdaigh árachais i bhfeidhm. Moltar go gclúdódh an polasaí árachais na réimsí seo a leanas ar a laghad:

(i) Dliteanas Poiblí (ar a mbeidh soláthar le haghaidh turais le leanaí, nuair is ábhartha)

(ii) Dóiteán agus goid.

Is iad na soláthróirí aonair is fearr atá in ann a chinneadh cén sórt agus cén méid árachais is mó a oireann dá gcás. Má bhíonn sé ar intinn tabhairt faoi imeachtaí breise (e.g. turais do leanaí), is cóir árachasóirí na seirbhíse a chuir ar an eolas agus cibé cumhdach árachais breise is gá a fháil in am is i dtráth. Go háirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le breis árachais ghluaisteáin chun leanaí atá á n-iompar ag an soláthróir seirbhíse a chumhdach. Ní chealaíonn sé seo oibleagáidí an tsoláthróra faoi aon reachtaíocht eile.

Rialachán 32 INIÚCHADH

(1) Tar éis iniúchadh a dhéanamh ag duine údaraithe, soláthróidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tuarascáil don duine atá ag seoladh na seirbhíse réamhscoile ar thoradh an iniúchta.

(2) Faoi réir pharagraf (1) den Rialachán seo, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cibé rud is gá chun na Rialacháin seo a fhorfheidhmiú i dtaca leis an tseirbhís réamhscoile atá i gceist.

Iniúchadh

Faoi Alt 55(1) den Acht um Chúram Leanaí 1991 tá dualgas ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iniúchadh a dhéanamh ar sheirbhísí a bhfuil fógra faighte acu ina dtaobh. Faoi Alt 55(2) den Acht is féidir leis an bhFeidhmeannacht, tríd an gCúirt Dúiche, iniúchadh a dhéanamh ar sheirbhís réamhscoile d'ainneoin easpa fógra. Duine ar bith a mbíonn dualgas air/uirthi an t-iniúchadh seo a dhéanamh, bíonn air/uirthi barántas a bheith acu a thugann údarás dó/di chun an tasc seo a dhéanamh (Alt 54(3))

Cuspóir an Iniúchta

Is é cuspóir an iniúchta sláinte, sábháilteacht agus leas na leanaí agus cur chun cinn a bhforbartha a chinntiú. Is den chuspóir é freisin a chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais reachtúla ábhartha. Chun na gcríoch seo, measfaidh na cigirí:

(g) an chaoi a bhfuiltear ag déanamh cúram de na leanaí agus an chaoi a bhfuil a bhforbairt agus a leas á gcur chun cinn trí chleachtas a dhíríonn ar an leanbh,

(h) oiriúnacht agus sábháilteach an áitribh,

(i) caighdeáin an áitribh maidir le spás, téamh, soilsiú, glaine, aerú agus riocht deisithe agus cothabhála,

(j) oiriúnacht an duine atá ag seoladh na seirbhíse,

(k) soláthar agus oiriúnacht na mbréagán agus an trealaimh.

Maidir le cúram leanaí, is cóir san iniúchadh aird chuí a thabhairt ar na caighdeáin chompoird agus na caighdeáin maidir le timpeallacht bhaile atá ar fáil do na leanaí. Is cóir go léireodh an timpeallacht go spreagtar na leanaí chun súgradh agus go bhfuil saoirse chuí acu laistigh agus lasmuigh den teaghais (teach cónaithe) agus san am céanna go gcothaítear comhréir idir shaoirse agus teorainneacha sábháilte.

Próiseas an Iniúchta

Tá freagracht reachtúil ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Alt 53 den Acht um Chúram Leanaí 1991) chun a chinntiú go bhfuil an soláthróir ag comhlíonadh na ndualgas a chuirtear d'iallach faoi Cuid VII Mír 52 den Acht um Chúram Leanaí, 1991 – féach Aguisín D. Is cóir d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus do na soláthróirí seirbhíse obair i gcomhpháirtíocht lena chéile chun cultúr comhlíonta Rialachán a chur chun cinn. Is cóir d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus do na soláthróirí obair i gcomhar a chéile chun uas-chomhoibriú agus íoslaghdú cur isteach ar an tseirbhís a chinntiú le linn an iniúchta.

Is cóir d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nósanna imeachta a chomhaontú, agus oiliúint san áireamh, chun cur chuige comhionann sa phróiseas iniúchta ar fud Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chinntiú.

Toradh an Iniúchta

Sa tuarascáil i scríbhinn ar thoradh an iniúchta, a thugann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don soláthróir, is cóir na réimsí comhlíonta agus neamh-chomhlíonta a shainaithint. Is cóir do sholáthróir seirbhíse cóip a dhéanamh den tuarascáil iniúchta réamhscoile is déanaí agus í a chur ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís nó atá ag beartú freastal.

Nuair nach gcomhlíonann soláthróir réamhscoile agus/nó an t-aitreabh riachtanais an Achta um Chúram Leanaí 1991 agus na Rialachán a bhaineann le hábhar, rianófar sonraí na n-easnamh i scríbhinn. Is féidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a iarraidh ar an soláthróir, sa ghnáthshlí, freagra a thabhairt, agus is féidir leis an soláthróir freagairt i scríbhinn ag rianú na mbeart atá ar intinn aige/aici chun déileáil leis an réimse/na réimsí neamh-chomhlíonta. B'fhéidir go dtabharfar cairde ama don soláthróir chun feabhsúcháin a dhéanamh sa réimse/sna réimsí neamh-chomhlíonta (ar an gcoinníoll nach mbeidh an mhoill chun aimhleas na leanaí). Is féidir athbhreithniú iarghnó nó iniúchadh breise a dhéanamh i ndiaidh an dáta sin.

Is féidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sáruithe na Rialachán a chur faoi bhráid na Cúirte Dúiche faoi Alt 57(b) den Acht. Rianaítear coireanna faoi Chuid VII den Acht um Chúram Leanaí, 1991 faoi Alt 57 den Acht.

Minicíocht an Iniúchta

Is cóir d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iniúchadh rialta a dhéanamh ar sheirbhísí réamhscoile. Meastar gur dea-chleachtas é an chéad iniúchadh a dhéanamh laistigh de thrí mhí tar éis an fógra a fháil agus uair sa bhliain ina dhiaidh sin. Ach sa chás go bhfuil ábhar imní ann, is cóir d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nós iniúchta níos struchtúrtha agus níos minice a eagrú chun monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht, leas agus fhorbairt na leanaí.

Nuair atá soláthróir seirbhíse ag déanamh cúram de leanbh le míchumas nó le riachtanais speisialta, b'fhéidir gur mhaith freisin le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cuairteanna níos minice a thabhairt chun comhairle, cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil.

Faisnéis do Thuismitheoirí

Sa phróiseas iniúchta déantar monatóireacht ar chomhlíonadh na Rialachán seo sna seirbhísí réamhscoile. Tugann próiseas an fhógra agus an iniúchta faisnéis d' Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar a bhfuil ar fáil do thuismitheoirí sna cinéalacha seirbhísí réamhscoile éagsúla. Tá liosta de na seirbhísí seo ar fáil do thuismitheoirí má iarrann siad cuidiú ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun seirbhísí réamhscoile a roghnú dá leanaí.

Aquisín A

(i)L iosta d'Fhoilseacháin a ndéantar tagairt dóibh

A Guide to Developing Policies and Procedures in a Childcare Setting (le fáil ó: Pobal ag www.pobal.ie nó ag www.siolta.ie

A Guide to Developing Policies and Procedures in an Early Years Setting (le fáil ó: *Oifigigh Réamhscoile, FSS (*HSE*) Meán-Iarthar, agus Coistí Cúram Leanaí Contae/Cathrach Luimnigh, An Chláir agus Thiobraid Árann Thuaidh /*)

Caring for Your Child (le fáil ó: *Irish Sudden Infant Death Association)*

Childcare Facilities – Guidelines for Planning Authorities *(le fáil ó: Oifig Foilseacháin Rialtais agus www.environ.ie)*

Children First National Guidelines for the Protection and Welfare of Children *(le fáil ó: www.dohc.ie)*

Code of Practice for Fire Safety of Furnishings and Fittings in Places of Assembly *(le fáil ó: Oifig Foilseacháin Rialtais agus www.environ.ie)*

E.coli Protecting the Children in Your Care (le fáil ó: *Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus www.fsai.ie*)

Fire Safety in Pre-schools *(le fáil ó: Oifig Foilseacháin Rialtais agus www.environ.ie)*

First Aid Index Chart *(le fáil ó: Roinn Cur Chun Cinn na Sláinte i réigiúin FSS (*HSE*) / www.healthinfo.ie)*

Food and Nutrition Guidelines for Pre-School Services (le fáil ó: *www.healthpromotion.ie)*

Guidelines for Providers of Overnight Childcare Services (le fáil ó: FSS (HSE*) an Iar-Thuaiscirt, teileafón 071 914 5132)*

Hazard Analysis Critical Point Control (HACCP) *(*comhairle ó: *Roinn Sláinte Comhshaoil áitiúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó ó www.fsai.ie)*

I.R. 340 Hygiene in the Catering Sector *(*le fáil ó: *Roinn Sláinte Comhshaoil áitiúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó ó Údarás Caighdeán Náisiúnta na hÉireann(NSAI))*

I.R. 344 Guide to Good Hygiene Practices in Domestic Premises *(*le fáil ó: *Roinn Sláinte Comhshaoil áitiúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó ó Údarás Caighdeán Náisiúnta na hÉireann)*

I.R. 343 Guide to Food Safety Management Systems *(le fáil ó: Roinn Sláinte Comhshaoil áitiúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)*

Infection and Schools– A Manual for School Personnel *(le fáil ó: www.sehb.ie)*

Keeping Your Baby Safe *(l*e fáil ó*: Roinn Cur Chun Cinn na Sláinte i réigiúin FSS (*HSE*) nó ó www.healthpromotion.ie)*

Model Framework for Education, Training and Professional Development in the Early Childhood Care and Education Sector (le fáil ó: *www.justice.ie*)

National Children's Strategy (le fáil ó: Oifig Náisiúnta na Leanaí */ www.nco.ie)*

Play it Safe (le fáil ó: *: Roinn Cur Chun Cinn na Sláinte i réigiúin FSS (*HSE*) nó ó www.healthpromotion.ie*)

Síolta The National Quality Framework for Early Childhood Education, 2006
(le fáil ó: www.siolta.ie)

UN Convention on the Rights of the Child (le fáil ó: *An Roinn Gnóthaí Eachtracha nó ó www.nco.ie)*

Resource Pack to Support Best Practice in the Design of Childcare Facilities (á dhréachtadh faoi láthair) (beidh sé ar fáil ó: Coistí Cúraim Leanaí Cathrach/Contae agus ó: Pobal)

(ii) Liosta den Reachtaíocht dá dtagraítear (um Meitheamh 2006)

An tAcht um Chúram Leanaí 1991- Cuid VII –féach Aguisín D

*An tAcht um Rialáil Tógála (Building Control Act) 1990**

*Na Rialacháin Tógála (Building Regulations) 1997 – 2006 Codanna A-M**

*Na Rialacháin Tógála (Building Regulations) 1997 – 2006 2002 Doiciméid um Threoir Theicniúil A-M**

Cuid A - Struchtúr
Cuid B – Sábháilteacht in aghaidh Dóiteáin
Cuid C – Ullmhú Láithreáin agus Cur i gCoinne Taisligh
Cuid D – Ábhair agus Ceardaíocht
Cuid E - Fuaim
Cuid F – Aerú (Aeráil)
Cuid G - Sláinteachas
Cuid H – Draenáil agus Diúscairt Dramhuisce
Cuid J – Fearais Soláthraithe Teasa
Cuid K - Staighrí Dréimirí Rampaí agus Sciatha Cosanta
Cuid L – Breosla agus Fuinneamh a Chaomhnú
Cuid M – Rochtain le haghaidh Daoine le Míchumais

Acht na gComhphobal Eorpach (European Communities Act) 1972

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sláinteachas Bia-ábhar) (I.R. Uimh. 165 de 2000). (European Communities (Hygiene of Foodstuffs) Regulations 2000 (S.I. No.. 165 of 2000)).

*Acht na Seirbhísí Dóiteáin (Fire Services Act) 1981**

Na Rialacháin um Shláinteachas Bia (Food Hygiene Regulations) 1950-89

Acht an Údaráis um Shábháilteacht Bia na hÉireann (Food Safety Authority of Ireland Act) 1998

An tAcht Sláinte (Health Act) 1947

Rialacháin um Ghalair Ionfhabhtaíocha (Infectious Diseases Regulations) 1981 (arna leasú)

Na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) (Public Health (Tobacco) Acts) 2002 agus 2004

Tá cóipeanna den reachtaíocht go léir le fáil ó:
Oifig Foilseachán Rialtais,
Oifig Díolacháin,
Teach Sun Alliance,
Sráid Theach Laighean,
Baile Átha Cliath 2

nó trí Phost-Díol ó:
Oifig Foilseachán Rialtais,
Rannóg Trádála Poist,
51 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2
Teileafón 01 647 6000
Facs 01 647 6843

nó trí aon díoltóir leabhar,

nó ó shuímh ghréasáin na Ranna Rialtais ábhartha ar cóir dul ina gcomhairle maidir leis an leagan is déanaí den reachtaíocht.

Tá na doiciméid le réiltín ar fáil ar www.environ.ie ar cóir dul ina chomhairle maidir leis an leagan is déanaí den reachtaíocht no de threoir.*

Aquisín B

Cad é 'Peirspictíocht Ar an Leanbh san Iomlán'?

Leagadh amach Peirspictíocht Ar an Leanbh san Iomán den chéad uair sa Straitéis Náisiúnta Leanaí. Cuireann sé creatlach ar fáil trínar féidir saol an linbh a thuiscint ar bhealach iomlánaíoch leanbh-láraithe. Tá sé tábhachtach mar cuireann sé ar chumas na bpáirtithe leasmhara fás, forbairt agus dea-bhail an linbh a thuiscint trí fhorbairt an linbh féin agus an comhthéacs ina maireann sé/sí a chur san áireamh. Foirmítear an pheirspictíocht agus cuirtear taca fúithi le saothar Bronfenbrenner (1979)[1] agus Ward (1995)[2] agus tá sé de réir spiorad Choimbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (1989)[3].

Leis an bpeirspictíocht cuirtear an leanbh i gcroílár na tuisceana agus aithnítear gur rannpháirtí an leanbh ina f(h)orbairt féin. Tá trí réimse leathana laistigh den pheirspictíocht. Is iad:

1. *Cumas an linbh ó dhúchas a chuireann san áireamh torthaí fhorbairt an linbh*
2. *Tacaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla; agus*
3. *Na gaolmhaireachtaí atá thart timpeall ar shaol an linbh.*

Ach na trí réimse seo agus na hidirnaisc atá eatarthu a chur san áireamh, is féidir leis na páirtithe leasmhara peirspictíocht i bpáirt lena chéile a fháil timpeall shaol an linbh atá leanbh-láraithe agus iomlánaíoch san am céanna. Tá an pheirspictíocht cuimsitheach go leor chun ilfhócais na bpáirtithe leasmhara difriúla a chuimsiú, agus dá bharr sin ligeann sé dóibh díriú ar an gcúnamh aonair is féidir leo a thabhairt do shaol an linbh agus san am céanna aitheantas a thabhairt don chúnamh a thugtar as as foinsí eile. Seo leanas míniú níos iomáine ar gach réimse díobh:

- ***Réimse 1: Cumas an linbh ó dhúchas***

Déileálann an réimse seo le réim na gcumas a bhíonn ag leanaí ar féidir iad a thomhas de réir a dtorthaí trasna naoi dtoise dhifriúla. Ar na naoi dtoise sa réimse seo tá: Dea-bhail Choirp agus Intinne; Dea-bhail Mhothúcháin agus Iompraíochta; Cumas Intleachta; Dea-bhail Spioradálta agus Mhorálta; Céannacht; Féinchúram; Gaolmhaireachtaí Teaghlaigh; Gaolmhaireachtaí Sóisialta agus Comhionannacha; agus Teacht i Láthair Sóisialta.

- ***Réimse 2: Gaolmhaireachtaí***

I bPeirspictíocht Ar an Leanbh san Iomlán feictear an leanbh-aois mar thacar coimpléascach de ghaolmhaireachtaí dinimiciúla nach dtuigtear go hiomlán fós, ach a _____.

[1] Bronfenbrenner U. (1979) The Ecology of Human Development Cambridge, Harvard University Press

[2] Ward H. (Ed) (1995) Looking after children: Research into Practice London, HMSO

[3] United Nations High Commissioner for Human Rights (1989) Convention on the Rights of the Child. Geneva, Office of the United Nations High Commissioner for Human Rights.

aithnítear mar riachtanais do leanbh-aois sásúil rafar. Sa réimse seo tá an teaghlach, bunfhoinse chúraim agus chosanta don leanbh, agus an Stát, a fheidmhíonn mar urra sa deireadh thiar ar chearta an linbh. Sa Pheirspictíocht seo ar an Leanbh san Iomlán aithnítear go dtéann na leanaí i gcion ar na gaolmhaireachtaí thart timpeall orthu, agus go dtéann na gaolmhaireachtaí sin i gcion orthusin.

- ***Réimse 3: Tacaí foimiúla agus neamhfhoirmiúla***

Soláthraítear tacaí agus seirbhísí atá riachtanach do leanaí trí líonraí príomhúla sóisialta an teaghlaigh, an teaghlaigh fhorleathnaithe agus an phobail – a dtugtar na tacaí neamhfhoirmiúla orthu – agus trí na seirbhísí foirmiúla tacaíochta a chuirtear ar fáil leis an earnáil dheonach, an earnáil tráchtála, an Stát agus le gníomhaireachtaí an Stáit. Is iad seo na bealaí trína bhfaigheann leanaí an tacaíocht agus na seirbhísí a theastaíonn uathu agus a mbaineann siad tairbhe astu.

Cumas an linbh ó dhúchas
Sa chuid seo de Pheirspictíocht Ar an Leanbh san Iomlán áitítear go n-aithneofar agus go gcuirfear san áireamh na torthaí ar fhorbairt an linbh. Admhaítear anseo go gcaithfear tacú le cumais agus le hinniúlachtaí an linbh, lena rannpháirteachas gníomhach sa saol, lena f(h)onn chun páirt a ghlacadh sna cinntí a bhaineann leis/léi, agus chom maith leis sin, chun guth a bheith aige/aici sna cinntí sin. Léirítear an chuid seo de Pheirspictíocht Ar an Leanbh san Iomlán sa spás ar thaobh na láimhe clé den léaráid de na naoi réimse a thaispeáintear thíos.

I. Dea-bhail choirp agus intinne
Baineann an toise seo le fás agus forbairt chomh maith le sláinte choirp agus mheabhrach. Is cóir go gcinnteodh soláthróirí seirbhíse go bhfuil cóiríocht, tacaíocht agus deiseanna atá cuí á gcur ar fáil, laistigh den áitreabh agus lasmuigh faoin aer, chun gach réimse de dhea-bhail an linbh, idir chorp agus intinn, a chur chun cinn. Is cóir don soláthróir sláinte agus dea-bhail na leanaí a chur chun cinn, aiste bia cothaitheach a chinntiú, leathadh ionfhabhtaithe a chosc, agus bearta dearfacha a dhéanamh chun na leanaí a chosaint ó dhíobháil.

II. Dea-bhail mhothúcháin agus iompraíochta

Baineann an raon seo le mothúcháin agus le gníomhartha leanaí. Cuimsíonn sé a gcumas borrach chun iad féin a oiriúnú i gcomhréir le hathruithe an tsaoil, chun strus a láimhseáil agus féinsmacht a léiriú. Áirítear ann freisin cumas an linbh chun comhthuiscint a roinnt le daoine eile agus feidhmiú ar bhealach sóisialta freagrach. Is cóir do sholáthróirí seirbhíse a chinntiú go riartar ar leanaí le hurraim agus le dínit i gcónaí. Is cóir cuidiú le leanaí cion dearfach lena gcúramóirí agus le leanaí eile sa tseirbhís a chumadh trí chaidreamh láidir deimhniúil. Is cóir tacú le leanaí chun mothú láidir féinmheasa agus féinmhuiníne a fhorbairt i dtimpeallacht atá croíúil fabhrach. Tá teorainneacha seasmhacha tábhachtach chun go mothóidh leanaí go socair sábháilte. Ní cóir go n-imreofaí caint nó iompar táiríslithe ná maslach ar leanaí.

III. Cumas Intleachta
Baineann an toise seo le gach raon den fhorbairt infhiosach, den ghnóthú oideachasúil agus den fhoghlaim ghníomhach de thoradh a dtimpeallachta. Is cóir timpeallacht a sholáthar ina dtugtar dúshlán agus cumasú; ina bhfreagraítear don fhoghlaim ghníomhach agus ina spreagtar í, le rochtain chuí ar acmhainní, ar ábhair agus ar chaidreamh sóisialta chun an cumas infheasa agus urlabhra a spreagadh agus a chumasú de réir riachtanais agus

inniúlachtaí gach linbh. Baineann tábhacht ar leith leis na deiseanna chun foghlaim trí shúgradh.

IV. Dea-bhail Spioradálta agus Mhorálta

Cuimsítear anseo na mothúcháin, na heispéiris agus na hábhair nó na hailt chreidimh a spreaganna an fhéinfheasacht, an t-ionadh, an urraim agus brí agus nádúr na beatha agus an bháis. Is cóir go léireodh an soláthróir seirbhíse, agus na leanaí eile sa tseirbhís, meas do thraidisiúin chreidimh agus do chleachtadh dualgais chreidimh an linbh. Is cóir tuiscint bhorrach na leanaí ar cad is ceart agus mícheart a chothú.

V. Céannacht

Is cóir gur mór agus gur luachmhar ag an soláthróir seirbhíse an t-eagsúlachas atá in eispéiris, i gcultúr, in inscne, i gcúlra sóisialta agus i dtraidisiúin na leanaí. Caithfidh an soláthróir agus an fhoireann comhionannas deiseanna, comhionannas rannpháirteachais agus cleachtas frith-leithcheala a chothú go gníomhach maidir le gach leanbh atá faoina gcúram. San áireamh anseo freisin ta cóimheas idir na leanaí atá faoina gcúram a chur chun cinn.

VI. Féinchúram

Cuimsítear anseo na cumais a theastaíonn ó gach leanbh chun aire a thabhairt dó/di féin, agus meas a bheith aige nó aici air/uirthi féin. Is cóir do sholáthróirí seirbhíse féachaint le bealaí a aimsiú a chuideoidh le cumais na leanaí aire a thabhairt dóibh féin.

VII. Gaolmhaireachtaí Teaghlaigh

Is mó is dócha go riarfar ar chumas na leanaí forbairt de réir an toise seo má mhothaíonn siad go mbaineann siad lena dtimpeallacht agus nuair nach mbíonn mórán athruithe pearsanra i líon a gcúramóirí. Is cóir do sholáthróirí seirbhíse tacú le gach leanbh agus iad a spreagadh, mar aon le tuismitheoirí/cúramóirí, chun páirt a ghlacadh ina f(h)orbairt féin trí dheiseanna a chur ar fáil le haghaidh cumarsáid leanúnach i dtaobh an linbh. Is cóir go gclúdófar anseo ábhair uasdátuithe ar ghníomhaíochtaí an linbh agus athbhreithnithe rialta ar a d(h)ea-bhail.

VIII. Gaolmhaireachtaí Sóisialta agus Comhionannacha

Is é atá i gceist anseo cumas an linbh cairde a dhéanamh agus bheith mar bhall de comhluadar comhionannach. Is cóir do sholáthróirí seirbhíse cabhrú le cumas forbartha sóisialta na leanaí trí dheiseanna a chur ar fáil le haghaidh comhoibriú, caidreamh agus cairdeas le daoine eile. Is cóir leanaí a chosaint ar bhulaíocht agus scileanna a sholáthar dóibh chun déileáil le bulaíocht. Is cóir aitheantas a thabhairt don sugradh mar dheis luachmhar chun scileanna sóisialta a fhoghlaim. Is cóir deiseanna a thabhairt do na leanaí lámh chúnta a thabhairt chun an tseirbhís a mhúnlú. Is cóir gur cuid de sholáthar na seirbhíse deiseanna a thabhairt do leanaí chun páirt a ghlacadh sa phobal mór agus chun é a thuiscint.

IX. Cur i láthair Sóisialta

Baineann sé seo le tuiscint bhorrach na leanaí ar a gcumas chun plé le daoine eile agus chun an tionchar a imríonn a ngníomhartha, a gcuma, agus a n-iompraíocht ar dhaoine eile a aithint. Is cóir do sholáthróirí seirbhíse cabhrú le leanaí chun daoine eile a thuiscint agus chun páirt a ghlacadh in imeachtaí sóisialta.


Family Relationships
Self Care
Physical and Mental Wellbeing
Emotional and Behavioural Wellbeing
Social and Peer Relationships
Social Presentation
Intellectual Capacity
Spiritual and Moral Wellbeing
Identity
Active Developing Child
Children's Relationships
Formal and Informal Supports

Aquisín C

An Bosca Garchabhrach

Moltar na nithe seo a leanas a bheith sa bhosca garchabhrach le haghaidh leanaí:

Ábhair	Nithe sa Bhosca Garchabhrach		
	1 – 5 leanbh	**6 - 25 leanbh**	**26 – 50 leanbh**
Plástar Hypoallergenic	12	20	20
Pardóga steiriúla súl (agus bindealáin leo)	2	6	6
Bindealáin triantánacha, ina gcumhdaigh aonair	2	6	6
Cóiriúcháin bheaga cneá, iad steiriúil neamh-mhíochnaithe ina gcumhdaigh aonair	1	2	4
Cóiriúcháin mheánacha cneá, iad neamhghreamaitheach, steiriúil, neamh-mhíochnaithe, ina gcumhdaigh aonair	1	2	4
Cuimilteáin antaiseipteacha, ina gcumhdaigh aonair	8	8	10
Deimheas paraimhíochaine	1	1	1
Lámhainní Latex– latex gan phúdar, nó lámhainní Nitril (saor ó latex)	1 bosca	1 bosca	1 bosca
Lena chois, nuair nach bhfuil uisce reatha ar fáil, leacht steiriúil nite súl	1	2	2

Le chois Bosca Garchabhrach, níor mhiste duit teirmiméadar scanta fiabhrais agus siosúr tréanghearrtha a bheith agat.

Nuair is mó ná 50 líon na leanaí, is cóir soláthar breise dá réir a dhéanamh.

Nuair nach bhfuil uisce píopa ar fáil go réidh le haghaidh uisciú súl, is cóir uisce steiriúil nó uisce goirt steiriúil normálta (0.9%), i soithí séalaithe indiúscartha a bheith a fáil. Is cóir go mbeadh 30ml ar a laghad i ngach soitheach agus ní cóir é a athúsáid tar éis an séala a bhriseadh. Is cóir go mbeadh 90ml ar a laghad ar fáil.

Ní cóir folcadán súl / cupán súl / soithí in-athlíonta a úsáid le haghaidh uisciú súl.

Aguisín D

An tAcht um Chúram Leanaí 1991, arna leasú
SEIRBHÍSÍ RÉAMHSCOILE A MHAOIRSIÚ

Mínithe do *Chuid VII*. 49.—Sa Chuid seo—

ciallaíonn "duine údaraithe" duine a bheidh ceaptha faoi alt 54 chun bheith ina dhuine údaraithe chun críocha na Coda seo;

tá le "scoil náisiúnta" an bhrí a shanntar dó san Acht Freastal Scoile, 1926;

ciallaíonn "leanbh réamhscoile" leanbh nach bhfuil sé bliana d'aois slánaithe aige agus nach bhfuil ag freastal ar scoil náisiúnta ná ar scoil a sholáthraíonn clár oideachasúil den tsamhail chéanna le scoil náisiúnta;

ciallaíonn "seirbhís réamhscoile" aon réamhscoil, grúpa súgartha, naíolann lae, creis, seirbhís cúraim lae nó seirbhís eile dá samhail a fhónann do leanaí réamhscoile lena n-áirítear iad sin a bhfuil cabhair deontais acu ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Rialacháin maidir le seirbhísí réamhscoile.
50.—(1) Tar éis don Aire dul i gcomhairle leis an Aire Oideachais agus leis an Aire Comhshaoil, déanfaidh sé rialacháin chun sláinte, sábháilteacht agus leas leanaí réamhscoile a fhreastalaíonn ar sheirbhísí réamhscoile a áirithiú agus chun forbairt na leanaí sin a chur chun cinn.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh rialacháin—

(*a*) ceanglais a fhorordú maidir le téamh, soilsiú, aerú, glantachas, deisiú agus cothabháil áitreabh ina mbeidh seirbhísí réamhscoile á seoladh agus maidir leis an trealamh agus leis na saoráidí a sholáthrófar iontu;
(*b*) foráil a dhéanamh maidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte d'fheidhmiú agus d'fhorghníomhú na rialachán;
(*c*) na táillí bliantúla a fhorordú a bheidh le híoc le
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag daoine a sheolann seirbhísí réamhscoile faoi chomhair costais iniúchtaí faoin gCuid seo.

(3) Féadfaidh Rialacháin faoin alt seo—

(*a*) socrú éagsúil a dhéanamh le haghaidh aicmí éagsúla seirbhísí réamhscoile;

(*b*) ceanglais éagsúla a fhorordú le haghaidh aicmí éagsúla seirbhísí réamhscoile;
(*c*) foráil a dhéanamh maidir le díolúintí ó aon fhoráil nó ó aon fhorálacha de na rialacháin le haghaidh aicme nó aicmí sonraithe seirbhísí réamhscoile.

(4) Ní bheidh feidhm ag an *Public Offices Fees Act*, 1879, maidir le haon táillí a íocfar faoi rialacháin faoin alt seo.

Fógra a thabhairt d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
51.—(1) Déanfaidh duine a bheartaíonn seirbhís réamhscoile a sheoladh fógra a thabhairt d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar an modh forordaithe.

(2) Duine a thug fógra, roimh leasú na Coda seo leis an Acht Sláinte 2004, do bhord sláinte ar an modh forordaithe, measfar chun críche na Coda seo gur thug an duine sin fógra d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Dualgas duine a sheolann seirbhís réamhscoile.
52.—Beidh sé de dhualgas ar gach duine a sheolann seirbhís réamhscoile gach beart réasúnach a dhéanamh chun sláinte, sábháilteacht agus leas leanaí réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chaomhnú agus chun rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoin gCuid seo a chomhlíonadh.

Seirbhísí réamhscoile a mhaoirsiú.
53.—Cuirfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi deara go dtabharfar cuairt ó am go ham ar gach seirbhís réamhscoile d'fhonn a chinntiú go mbeidh an duine a sheolann an tseirbhís ag comhlíonadh na ndualgas a fhorchuirtear air faoi alt 52.

Daoine údaraithe.
54.—(1) Ceapfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cibé fostaithe agus cibé líon dá chuid fostaithe is cuí leis chun bheith ina ndaoine údaraithe chun críocha na Coda seo.
(2) Féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, le toiliú an Aire Oideachais, oifigeach don Aire sin a cheapadh chun bheith ina dhuine údaraithe chun críocha na Coda seo.

(3) Tabharfar barántas a cheaptha mar dhuine údaraithe do gach duine údaraithe, agus, nuair a bheidh sé ag feidhmiú aon chumhachta a thugtar do dhuine údaraithe faoin gCuid seo, tabharfaidh sé, má iarrann aon duine lena mbaineann air é, an barántas ar aird don duine sin.

Iniúchadh ag daoine údaraithe.
55.—(1) I gcás go bhfaighidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte fógra de réir alt 51 maidir le seirbhís réamhscoile, beidh duine údaraithe i dteideal dul isteach ag gach tráth réasúnach in aon áitreabh (lena n-áirítear teaghais phríobháideach) ina mbeidh an tseirbhís á seoladh.

(2) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, más deimhin leis ó fhaisnéis faoi mhionn go bhfuil cúiseanna réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil seirbhís réamhscoile á seoladh in aon áitreabh (lena n-áirítear teaghais phríobháideach) nach bhfuair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte fógra ina leith de réir alt 51, barántas a eisiúint á údarú do dhuine a bheidh ceaptha ag an bhFeidhmeannacht de réir alt 54 dul isteach san áitreabh agus é a iniúchadh.

(3) Féadfaidh duine údaraithe a rachaidh isteach in aon áitreabh de réir fho-alt (1) nó (2) cibé scrúdú a dhéanamh is gá chun críocha na Coda seo i dtaobh staid an áitribh agus i dtaobh an chúraim agus na haire atá na leanaí réamhscoile a fháil.

(4) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche a bheidh sannta de thuras na huaire don dúiche chúirte dúiche ina mbeidh an t-áitreabh suite barántas a eisiúint faoi fho-alt (2).

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte do sholáthar seirbhísí agus faisnéis réamhscoile.

56.—(1) Féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, faoi réir aon treoracha ginearálta a thabharfaidh an tAire, seirbhísí réamhscoile a sholáthar agus áitreabh a sholáthar agus a chothabháil chun na críche sin.

(2) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Oideachais agus leis an Aire Comhshaoil rialacháin a dhéanamh chun sláinte, sábháilteacht agus leas leanaí a fhreastalaíonn ar sheirbhísí réamhscoile a sholáthraíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a áirithiú agus chun forbairt na leanaí sin a chur chun cinn.

(3) Cuirfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faisnéis ar fáil d'aon duine leasmhar faoi sheirbhísí réamhscoile ina aon cheann dá limistéir feidhme, cibé acu a sholáthraíonn an Fheidhmeannacht iad nó a sholáthraítear iad ar shlí eile.

Cionta faoi Chuid VII.

57.—(1) Aon duine—

(*a*) a dhiúltóidh cead a thabhairt do dhuine údaraithe dul isteach in aon áitreabh de réir fho-alt (1) nó (2) d'alt 55 nó a choiscfidh nó a bhacfaidh duine údaraithe i bhfeidhmiú aon cheann dá chuid cumhachtaí faoi fho-alt (3) den alt sin, nó

(*b*) a sháróidh ceanglais na Coda seo nó aon rialachán arna ndéanamh fúithi,

beidh sé ciontach i gcion agus dlífear ar é a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná £1,000 a chur air.

(2) I gcás go gciontófar duine i gcion faoin gCuid seo féadfaidh an chúirt a dhearbhú le hordú, i dteannta nó in ionad fíneáil a fhorchur, go dtoirmiscfear ar an duine, ar feadh cibé tréimhse a bheidh sonraithe san ordú, seirbhís réamhscoile a sheoladh.

(3) Beidh duine a sháróidh ordú a dhéanfar faoi fho-alt (2) ciontach i gcion agus dlífear ar é a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air.

Díolúintí ó fhorálacha na Coda seo.

58.—D'fhonn amhras a sheachaint dearbhaítear leis seo nach mbeidh feidhm ag forálacha na Coda seo—

(*a*) maidir le cúram linbh amháin réamhscoile nó níos

mó a ghlactar ar láimh ag gaol den leanbh nó de na leanaí nó ag céile den ghaol sin,

(*b*) maidir le duine a thugann cúram do leanbh amháin réamhscoile nó níos mó ón teaghlach céanna agus ní leanaí ar bith eile den sórt sin (seachas leanaí den sórt sin de chuid an duine sin féin) i dteach cónaithe an duine sin,

(*c*) maidir le duine a thugann cúram do 3 leanbh réamhscoile ar a mhéad ó theaghlaigh éagsúla (seachas leanaí den sórt sin de chuid an duine sin féin) i dteach cónaithe an duine sin.

Aguisín E

SAMPLA DE CHLÁR GLANTÓIREACHTA SEACHTAINIÚIL

Achar/ Mír le glanadh	Minic íocht glanta	Luan	Máirt	Céad-aoin	Déard-aoin	Aoine	Satharn	Domh-nach

Síniú an duine atá freagrach
as an tasc glanta a chur i gcrích _____

Síniú Bainisteora_____
Dáta _____

Tráchtaireacht _____
_____ _____
_____

Aguisín F

Sampla de SCEIDEAL GLANTÓIREACHTA

Achar/Mír le Glanadh	Modh/Nós Imeachta Glanta	Ullmhúchán Ceimiceach	Minicíocht na Glantóireachta	An Duine Freagrach

AGUISÍN G

Rialachán 27

Slándáil agus Rochtain

Is cóir go mbeidh an t-áitreabh agus na háiteanna súgartha lasmuigh faoi eagar daingean agus gan na leanaí bheith in ann imeacht astu, gan mhaoirsiú. Is cóir go mbeidh córas éifeachtach ag an soláthróir chun an teacht isteach san áitreabh agus an dul amach as a riar, agus chun a chinntiú gurb é seo an córas seo a úsáidtear, agus chun taifead de na cuairteoirí a choimeád. Caithfear méid sásúil maoirsithe ar na leanaí a sholáthar. Sa chomhthéacs seo is é is brí le maoirsiú ná go mbeidh na leanaí i raon radhairc agus éisteachta duine den fhoireann i gcónaí.

Urláir agus Staighrí

Caithfidh an bhailchríoch ar urláir agus ar staighrí bheith go dlúth cruinn, agus buanfasach, neamhsciorrach, so-ghlanta. Ní cóir rugaí ná mataí a úsáid in áiteanna ina bhféadfaidís bheith ina mbaol tuislithe. Is cóir stróicthí agus poill i mbrait urláir a dheisiú go gasta agus go héifeachtach.

Is cóir go mbeidh gach urlár saor ó bhacainní.

Ar gach staighre is cóir go mbeadh lámhráillí substaintiúla sásúla ar airde 840 agus 900mm. Is cóir lámhráille a chur ar dhá thaobh an staighre más mó ná 1 mhéadar a leithead. Is cóir balastráidí/sciatha cosanta a thógáil ionas nach féidir le sféar ar trastomhas 100mm dul trí aon oscailt iontu. Is cóir go mbeidh na balastráidí ar dhearadh do-dhreaptha chun titim a chosc. Ní oireann staighrí bíse ná staighrí cuartha do sheirbhísí réamhscoile agus is cóir iad a sheachaint nuair is féidir. Is cóir geataí sábhailteachta den dearadh cuí a chur ag bun agus barr staighrí atá in úsáid ag leanaí. Is cóir go mbeadh soilsiú éifeachtach sásúil ar na staighrí.

Fuinneoga agus Doirse

Is cóir go mbeadh gnéithe sábháilteachta agus rochtana, agus rochtain do mhíchumais san áireamh, ar dhoirse agus ar fhuinneoga de réir fhorálacha na gCodanna ábhartha A go M de na Rialacháin Tógála 1997 - 2006 a rinneadh faoi réir an Achta Rialála Foirgnimh (Building Control Act) 1990 agus na Treoir-Dhoiciméid Teicniúla A go M.

Má chuirtear fearais féindúnta ar dhoirse, is cóir go mbeidh siad ar neart íseal láimhe ionas go seachnófar baol sáinnithe.

Sábháilteacht Gáis agus Leictreachais

Caithfidh gach fearas gáis agus leictreachais agus gach fearas eile a bheith de réir na riachtanas sábháilteachta agus gan bheith ina mbaol do leanaí.

Caithfidh sciath chosanta nó rialú teirmeastatach a bheith ar fhearais téimh suite, e.g., radaitheoirí agus téitheoirí stórála.

Má bhíonn fearais téimh aonair in úsáid, is cóir go mbeidh siad de chineál nach bhfuil lasair nocht acu nó eilimint téimh a d'fhéadfadh bheith ina foinse adhainte.
Caithfidh sciath chosanta nó rialú teirmeastatach a bheith ar na fearais seo.

Caithfidh rialú teirmeastatach a bheith ar theocht an uisce a chuirtear ar fáil trí sconnaí ag báisíní nite láimhe a bhíonn in úsáid ag leanaí.

Is cóir gur duine inniúil cáilithe a dhéanfaidh an obair suiteála agus cothabhála go léir ar fhearais agus ar threalamh leictreachais agus gáis.

Is cóir fleisceanna sraoilleacha a dhéanamh sábháilte nó a sheachaint trí dhóthain soicéad a shuiteáil thart timpeall.

Nuair nach mbíonn soicéid in úsáid is cóir iad a stopadh le hionsáiteáin sábháilteachta. Ta cosc ar shoicéid nó asraonta sa seomra folctha. Ní cóir fearais leictreachais nó gáis iniompartha a úsáid ná a stóráil sa seomra folctha.

Innealra agus Trealamh

Is cóir go mbeidh an trealamh agus an t-innealra go léir a úsáidtear i seirbhís réamhscoile go slán sábháilte le haghaidh úsáide, agus go mbeidh sé faoi réir seirbhísiú rialta agus cothabhála ag duine inniúil.

Trealamh Codlata

Is cóir go mbeidh cliabháin go daingean seasmhach, agus sách domhain le cosc a chur ar leanbh dreapadh astu. Is go gcuirfear ar ceal gach baol féideartha sáinnithe as siocair barraí, gearrtháin i bhfoircinn cliabháin, agus blaincéadaí (pluideanna) de shníomh oscailte.

Is cóir cúram a dhéanamh de, nuair a shuiteáiltear cliabháin, i.e. gan iad a chur róchóngarach do théitheoirí nó do dhallóg fuinneoige a bhfuil cordaí uirthi.

Is cóir trealamh codlata le haghaidh leanaí os cionn 2 bhliain a stóráil go sábháilte nuair nach bhfuil sé in úsáid

Ní ceadaithe suíocháin ghluaisteáin a úsáid le haghaidh codlata.

Ní ionmholta cliabháin taistil le haghaidh leanaí faoi 2 bhliain. Is cóir go mbeidh cliabháin taistil de réir na gcaighdeán sábháilteachta. Ní cóir iad a úsáid ach go hócáideach chun cur le cliabháin eile .

Is cóir go mbeidh tochtanna de réir na gcaighdeán sábháilteachta cuí.

Trealamh Suí

Má úsáidtear cathaoireacha arda, is cóir go mbeidh siad de réir na gcaighdeán sábháilteachta cuí. Ní cóir go mbeadh faobhar géar, nó baol sáinnithe méire ar aon chathaoir, ard nó íseal. Is cóir go mbeadh úim shábháilteachta ar gach cathaoir ard.

Cruibeanna Súgartha

Is cóir go mbeidh cruibeanna súgartha ar dhearadh maith sábáilte agus sách domhain chun cosc a chur ar leanbh dreapadh astu. I gcás cruibeanna le taobhanna mogaill, is

cóir go mbeidh an eangach (líontán) go han-dlúth agus má bhíonn imill stuáilte ann, is cóir go mbeidh cumhdach de fhabraic láidir orthu. Is cóir lúba agus hanlaí a dhaingniú.

Geataí Sábháilteachta

Is cóir na geataí sábháilteachta go léir a dhaingniú go socair leis na ballaí. Is cóir iad a sheiceáil go rialta lena chinntiú go bhfuil siad sa riocht ceart. Is cóir na geataí sábháilteachta a choinneáil dúnta i gcónaí le linn na n-uaireanta oibre.

Sábháilteacht Cheimiceach

Is cóir na ceimiceáin go léir a choimeád ina soithí cearta lipéadaithe féin. Is cóir iad a stóráil go daingean agus iad a úsáid de réir threoracha an déantóra.

Áit Súgartha Lasmuigh

Is cóir áiteanna súgartha lasmuigh a sheiceáil gach am a úsáidtear iad. Is cóir an áit súgartha lasmuigh a bheith daingean le fál sábháilte timpeall air chun a chinntiú nach féidir le leanaí dul as gan maoirsiú aosaigh agus nach féidir le daoine neamhúdaraithe teacht isteach.

A leithéidí amhail linnte agus poill atá dainséarach, agus plandaí agus caora atá nimhneach, is cóir iad a dhíothú san áit.

Ní cóir ach gaineamh nite a bheith sa pholl gainimh agus is cóir clúdach a chur air nuair nach bhfuil sé in úsáid.

Má tá botháin nó stórais san áit súgartha lasmuigh, is cóir iad a dhaingniú ionas nach mbeidh rochtain gan mhaoirsiú ag na leanaí orthu.

Is cóir na leanaí a chosaint ar aimsir ródhian. Is cóir iad a dhíonú i gcónaí ar an ngrian le héadaí cumhdaigh cuí agu le lóis gréine. Is cóir go mbeidh scáth gréine ar aon áit lasmuigh ina mbíonn naíonáin.

Ainmhithe

B'fhéidir gur mhaith le roinnt seirbhísí réamhscoile ainmhithe/peataí dá gcuid féin a choinneáil san áitreabh; is cóir sábháilteacht na leanaí a chinntiú i gcónaí. Is cóir cúram a dhéanamh de nuair a bhítear ag roghnú na gcineálacha ainmhithe le haghaidh na háise go gcinnteofar nach gcuirtear sláinte (agus ailléirgí san áireamh), sábháilteacht agus leas na leanaí san áitreabh i mbaol. Baineann baol féideartha éigin don tsláinte agus don tsábháilteacht le hainmhí ar bith. Is den riachtanas é go ndéanfar seiceálacha rialta tréidliachta.

Turais

Is cóir nósanna imeachta feidhme a bheith ann chun turais a reachtáil go sábháilte agus chun a chinntiú go ndéantar leanaí a thionlacan go sábháilte. Is cóir dóthain de líon foirne a bheith ann chun sábháilteacht na leanaí a chinntiú agus chun riar ar riachtanais aonair. Is cóir go mbeidh líon na foirne de réir chumhdach árachais an tsoláthróra. Tosca eile le meabhrú is ea an ceann scríbe, conas dul ann agus cad a dhéanfar ann. Is cóir a mheabhrú an ceart measúnú ar phriacail a dhéanamh chun guaiseanna féideartha i rith am taistil nó ag láthair an turais a shainaithint roimh ré.

Féach an Treoir Mhínithe ar Rialachán 30 maidir le hÁrachas.

Féach an Treoir Mhínithe ar Rialachán 6 maidir le Garchabhair agus leis an mBosca Garchabhrach

Caitheamh Tobac

Ní ceadmhach tobac a chaitheamh in áis réamhscoile.
Féach Alt 47 de na hAchtanna um Shláinte Phoiblí (Tobac) 2002 agus 2004.

Galair Ionfhabhtaíocha a Shrianadh

Ar na Galair Ionfhabhtaíocha tá nimhiú bia, an leicneach (plucamas), an bhruitíneach, an deilgneach, ionfhabhtuithe craicinn, etc.

Sna Rialacháin um Ghalair Ionfhabhtaíocha 1981 (arna leasú) tá sceideal cuimsitheach de na galair ionfhabhtaíocha nach foláir a chur in iúl d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Is cóir teagmháil le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (an Dochtúir Sláinte Poiblí áitiúil nó an Roinn Sláinte Poiblí don réigiún) chun comhairle/cúnamh a fháil má bhriseann galar amach.

Féach na Rialacháin um Ghalair Ionfhabhtaíocha 1981 (arna leasú) le haghaidh faisnéise.

Féach freisin Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tOirdheisceart – 'Infection and Schools – A manual for School Personnel', Deireadh Fómhair 2003.

Bearta Coisctheacha

Is cóir cloí leis na bearta coisctheacha chun tarluithe de ghalair ionfhabhtaíocha ag áiseanna réamhscoile a íoslaghdú. Ar na bearta seo, nach bhfuil cuimsitheach, tá:

- *Is cóir an t-áitreabh réamhscoile a choimeád i riocht glan sláinteach. Is cóir clár glantóireachta a fheidhmiú agus a thaifeadú. Féach Aguisíní E agus F. Féach freisin an Treoir Mhínithe ar Rialachán 25 ag (v) agus (vi) faoi Threalamh agus Ábhair agus an Treoir Mhínithe ar Rialachán 23 ag (v) agus (vi).*
- *Is cóir dóthain potaí linbh a sholáthair le haghaidh an líon leanaí atá ag fáil oiliúint leithris. Is cóir dianchlár glantóireachta agus dífhabhtaithe idir shealanna úsáide a chur i bhfeidhm. Go hidéalach, ba chóir go mbeadh pota faoi leith ag gach leanbh. Is cóir go mbeadh an fhoireann ar an airdeall chun a chinntiú go níonn na leanaí a lámha, go háirithe tar éis dul chun leithris.*
- *Caithfear cloí leis na caighdeáin sláinteachais is airde sa chistin agus i seomraí eile bia.*
- *Féach freisin an bhileog ar E.coli – 'Protecting the Children in Your Care' (Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann)*

Gníomh Ceartaithe má bhriseann galar ionfhabhtaíoch amach

Faoi choinne uair na práinne, is cóir go mbeidh plean i bhfeidhm i ngach seirbhís réamhscoile chun déileáil leis an scéal má bhriseann galar ionfhabhtaíoch amach. Is cóir na réimsí freagrachta a shainiú go soiléir agus caithfear bealaí cearta cumarsáide a bhunú idir na daoine ábhartha go léir lena mbaineann an gnó, agus pearsanra cuí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san áireamh.